Clár Rialtais:
Tuarascáil Bhliantúil 2012

Rialtas Téarnaimh Náisiúnta 2011-2016

Márta 2012

Clár

1.	**Réamhfhocal**	**3**
2.	**Dul Chun Cinn maidir leis an gClár Rialtais 2011-2012**	
	A. Geilleagar	**6**
	B. Athchóiriú	**25**
	C. Cothroime	**36**
	D. Dul Chun Cinn	**52**
3.	**Na Gealltanais atá á nAthbhreithniú**	**65**
4.	**Liosta Reachtaíochta Rialtais a achtaíodh ó Mhárta 2011 i leith**	**67**

1. Réamhfhocal

Bliain 1: Cobhsaíocht

Ar an 9 Márta 2011 bunaíodh an rialtas seo trí leas a bhaint as ár sainordú daingean cobhsaí chun Rialtas daingean cobhsaí a chruthú. Thugamar gealltanas do mhuintir na hÉireann go ndéileálfaimis leis an ngéarchéim atá le sárú ag Éirinn mar dheis chun athrú a dhéanamh.

Tar éis bliain a chaitheamh i mbun an rialtais, creidimid go bhfuil tús maith curtha leis an obair againn. Tá cobhsú déanta ar an ngeilleagar ach tá bealach fada romhainn fós. Tríd an Tuarascáil Bhliantúil seo a fhoilsiú, tá cuntas trédhearcach á thabhairt againn ar an dul chun cinn atá déanta go dtí seo i dtaca le cobhsú a dhéanamh ar ár ngeilleagar agus le hathchóiriú a dhéanamh ar an tslí ina n-oibríonn ár dtír. Tá dul chun cinn suntasach déanta i ngach Roinn Rialtais. Ní liostaítear sa Tuarascáil seo ach na cinntí sin nó na gníomhartha sin atá curtha i gcrích, dar linn, go hiomlán nó go substaintiúil faoin am seo agus a bhfuil fíorthionchar acu ar shaoránaigh na tíre seo.

Sa Tuarascáil seo freisin, sainaithnítear réimsí ar ina leith nárbh fhéidir an oiread dul chun cinn a dhéanamh agus a rabhthas ag súil leis.

Ba é Roinn an Taoisigh a bhí i bhfeighil ullmhú na tuarascála. Tá sé sin á dhéanamh mar thoradh ar ghealltanas sa Chlár Rialtais á rá go ndéanfaí Roinn an Taoisigh a chlaochlú ionas gurbh ionann í agus croí straitéiseach an Rialtais trína dtreorófaí comhlíonadh ghealltanais an Chláir agus soláthar phríomhthosaíochtaí an Rialtais.

Ba ollmhór an dúshlán eacnamaíochta a fuair an Rialtas seo mar oidhreacht, ar dúshlán é nach raibh a leithéid ann riamh, ach de réir mar atá leagtha amach inár gClár Rialtais bhíomar diongbháilte maidir le déileáil go díreach leis an dúshlán sin:

- Nuair a chuamar i mbun an rialtais, chuireamar tús láithreach le cobhsú ár ngeilleagair agus ár gcuid cúrsaí airgeadais. Bhí gníomhartha cinntitheacha le déanamh maidir le hathstruchtúrú agus le hathchaipitliú na mbanc. Dá bharr sin, tá cobhsú déanta ar an gcóras baincéireachta agus tá scaoileadh déanta ar an gcumas iasachtóireachta airgid ar chostas i bhfad mór níos ísle don cháiníocóir ná mar a bhí i gceist i mbuiséad an Rialtais a bhí ann roimhe seo;

- Nuair a chuamar i mbun oifige ba thosaíocht phráinneach í clú agus cáil idirnáisiúnta na hÉireann a athbhunú. Trí chlár forghníomhach ateagmhála lenár gcomhghleacaithe Eorpacha, leis na Stáit Aontaithe agus le tíortha eile tá sé curtha faoi deara againn go bhfuil Éire á difreáil go soiléir ó thíortha eile a bhfuil deacrachtaí eacnamaíochta acu. Dá bharr sin, tá méadú tagtha ar mhuinín idirnáisiúnta agus ar

mhuinín infheisteoirí, ar ní é sin as ar lean sruth tréan cinntí infheistíochta ó chuideachtaí ilnáisiúnta agus cruthófar fíorphoist d'Éirinn mar thoradh air sin.

- D'éirigh linn costas iasachtaí tarrthála an IMF-AE a ísliú de shuim os cionn €9 billiún agus feabhas a chur ar an muinín as inchothaitheacht fhadtéarma chúrsaí airgeadais phoiblí na hÉireann;

- Sa bhliain 2011, rinneamar laghduithe easnaimh níos mó ná mar a bhí leagtha amach againn agus tá plean inchreidte laghdaithe easnaimh comhaontaithe againn suas go dtí an bhliain 2015 ar plean é lena ndéantar fás agus poist a chosaint;

- Agus rud atá thar a bheith tábhachtach, tá cobhsú déanta againn ar an gclár beo tríd an Tionscnamh Post, trí bhunú NewERA agus tríd an gCiste Infheistíochta Straitéisí. Déanfaimid soláthar Phlean Gníomhaíochta an Rialtais i gcomhair Post agus na straitéisí maidir le Conairí i dtreo Oibre a threorú, ar straitéisí iad lenar thug éifeacht don chuid is mó de na gealltanais Rialtais i ndáil le cruthú post agus laghdú dífhostaíochta.

Tá gníomh déanta againn chun na daoine is soghonta a chosaint trí rátaí príomha leasa shóisialaigh a choimeád ar bun, trí dheireadh a chur leis an laghdú ar an bpá íosta, trí 330,000 duine de na daoine is ísle pá a eisiamh ón Muirear Sóisalta Uilechoiteann, trí laghdú a dhéanamh ar amanna feithimh le haghaidh obráidí máinliachta agus ar thralaithe ospidéil, agus trí Straitéis Náisiúnta Litearthachta a sheoladh.

Is ionann an dul chun cinn atá sainaitheanta go dtí seo agus léiriú soiléir ar an tslí inar dhírigh an Rialtas aird sa chéad 12 mhí ar na cinntí agus ar na hathchóirithe is gá chun cobhsaíocht eacnamaíochta agus airgeadais a bhaint amach ar nithe iad sin trína soláthraítear ardán i gcomhair téarnaimh eacnamaíochta agus trína dtugtar cabhair i ndáil le poist a chruthú.

Agus sinn ag féachaint romhainn ar an gcéad dá mhí dhéag eile agus níos faide amach, táimid diongbháilte maidir le leanúint dár gClár Rialtais a chur i bhfeidhm – muinín sa gheilleagar a chothú athuair i measc an phobail, níos mó post agus poist níos fearr a chruthú, agus geilleagar láidir inchothaithe a bhaint amach d'fhonn an t-ualach atá ag fearadh ar theaghlaigh a laghdú agus sochaí níos córa a chruthú.

Tá cuid mhór de na hathchóirithe atá sa Chlár agus nár baineadh amach fós uaillmhianach agus beidh gá le pleananna a chur i bhfeidhm go cúramach ina leith sin ar mhodh ordúil sainiúil. I gcás cuid acu, tógfaidh sé ré iomlán an Rialtais chun iad a chur i gcrích.
Sna seachtainí atá romhainn, foilseoidh gach Roinn Rialtais a Ráiteas Straiteiseach 3 Bliana féin ina dtabharfar cuntas níos mionsonraithe ar phleananna a bhaineann le soláthar na ngealltanas atá sa Chlár agus nár cuireadh i gcrích fós.

Réamfhocal

Áireofar na nithe seo a leanas i dtosaíochtaí soiléire an Rialtais:

- Cur i bhfeidhm diongbháilte an Phlean Gníomhaíochta i gcomhair Post agus na straitéisí maidir le Conairí i dtreo Oibre i ngach Roinn agus i ngach Gníomhaireacht chun an dífhostaíocht a laghdú agus chun cabhair a thabhairt maidir le cruthú post ionas go mbeidh tuilleadh deiseanna ag daoine óga sa bhaile

- Tacaíocht agus dóchas a sholáthar atá thíos le fiacha trí Thuarascáil Keane a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear na hathchóirithe is radacaí le níos mó ná céad bliain a dhéanamh ar an dlí a bhaineann le dócmhainneacht phearsanta

- Tuilleadh feabhsúchán a dhéanamh ar an gClár IMF-AE chun laghdú a dhéanamh ar an gcostas leagáide a ghabhann le tarrtháil na mbanc agus chun deiseanna infheistíochta agus fáis a sholáthar

- Ár gcuid spriocanna laghdaithe easnaimh a bhaint amach agus rialacha buiséid inchreidte fadtéarma a chur i bhfeidhm ar mhodh ina dtugtar tacaíocht do mhuinín agus do chobhsaíocht agus ina dtugtar cabhair maidir le creidmheas inacmhainne a chur ar fáil d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide agus chun poist a chruthú.

- Maoiniúchán breise a sholáthar i ndáil le hinfheistíocht tráchtála i mbonneagair thábhachtacha eacnamaíochta trí NewERA, tríd an gCiste Infheistíochta Straitéisí agus trí fhoinsí eile neamh-Státchiste

- Cur le hathchóirithe a rinneadh ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte le deanaí trí phlean soiléir a leagan amach i ndáil le hÁrachas Sláinte Uilechoitinn agus córas níos éifeachtúla cúraim sláinte do gach uile dhuine a thabhairt isteach

- Ról a thabhairt do dhaoine maidir lenár gcóras rialachais agus cearta Bunreachtúla a thabhairt dóibh tríd an gCoinbhinsiún Bunreachta a bhunú agus trí reifrinn a sheoladh maidir le Cearta Leanaí agus maidir le deireadh a chur leis an Seanad

- Dul chun cinn a dhéanamh maidir lenár ngealltanas chun straitéisí a chur ar aghaidh chun dul i ngleic le bochtaine i measc leanaí

- Seirbhísí túslíne a chosaint trí nuachóiriú a dhéanamh ar chleachtais oibre na hearnála poiblí agus trí dheireadh a chur le Gníomhaireachtaí áirithe nó trí Ghníomhaireachtaí a chónascadh

Creidimid gur léiriú ar rialtas daingean diongbháilte atá san obair atá déanta le bliain anuas. Tá sé de rún againn leanúint de na cinntí cearta a dhéanamh chun a chinntiú go bhfanann Éire ar an gconair i dtreo téarnai5mh eacnamaíochta.

2. Dul Chun Cinn maidir leis an gClár Rialtais 2011-2012

A. GEILLEAGAR

Na Príomhphointí

Beartas Fioscach

- Athchaibidil rathúil chlár an IMF-AE, lena n-áirítear laghdú ar an ráta úis, deireadh a chur leis an laghdú ar phá íosta agus comhaontú maidir leis na fáltais ó dhíol sócmhainní Stáit a athinfheistiú ar mhaithe le cruthú post

- Rinneadh laghdú easnaimh níos mó ná mar a bhí sa sprioc don bhliain 2011

- Rinneadh laghdú ar chostais úis a chaibidil agus meastar gur fiú an laghdú sin suim os cionn €10 billiún

Baincéireacht

- Cobhsú taiscí sna bainc Éireannacha

- Athnuachan bhoird na mbanc agus tabhairt isteach rialacha nua maidir le stiúrthóirí bainc

- Díol rathúil shealúchas an Stáit i mBanc na hÉireann

- Laghdú ar an méid a rabhthas ag brath ar mhaoiniú ón mBanc Ceannais Eorpach

- Athchaipitliú na mbanc a chur i gcrích ar chostas a bhí €7.5 billiún faoin gcostas measta, lena n-áirítear laghdú a bhaint amach trí shealbhóirí bannaí sóisearacha a phionósú agus trí infheistíocht phríobháideach a áirithiú

- Strus-tástálacha diana inchreidte a chur i gcrích ar na bainc

- Foirceannadh leanúnach a dhéanamh ar an mBanc Angla-Éireannach faoi lár mhí na Nollag agus díoladh luach $7.7 billiún d'iasachtaí ar bhonn leathan rialála a bhí neodrach ó thaobh cúrsaí caipitil de (ba é sin an t-idirbheart aonair díola iasachta ba mhó a bhí ann riamh i saol an mhiondíola dhomhanda)

- Díghiaráil na mbanc roimh an sprioc a bhí ann don bhliain 2011

- Struchtúr nua a chur i bhfeidhm do chóras baincéireachta na hÉireann trí dhá phríomhbhanc a chruthú agus trí chónascadh a dhéanamh ar AIB/EBS agus ar IBRC/INBS

Athchóirithe Struchtúracha

- Gan aon mhéaduithe a dhéanamh ar rátaí cánach ioncaim
- Gan aon laghdú a dhéanamh ar rátaí príomha leasa shóisialaigh
- Bunaíodh NewERA, mar aon leis an gCiste nua Infheistíochta Straitéisí
- Pá íosta ar ais ag an leibhéal ag a raibh sé
- Gan aon athrú ar an ráta Cánach Corparáide agus cosaint tugtha dó
- athchóirithe suntasacha struchtúracha i réimsí amhail an margadh saothair agus seirbhísí dlíthiúla
- deireadh a chur le haistrithe sócmhainní chuig NAMA
- laghdú ar CBL sa Tionscnamh Post
- An ráta is ísle ÁSPC gearrtha ina leath i gcás post lena ngabhann íocaíocht suas go €356 sa tseachtain
- Rinneadh Athbhreithniú Cuimsitheach ar Chaiteachas a chur i gcrích agus a fhoilsiú
- Rinneadh Ráiteas Fioscach Meántéarma 2012-2015 a chur i gcrích agus a fhoilsiú
- Rinneadh Clár Caiteachais Chaipitiúil 2012-2016 a chur i gcrích agus a fhoilsiú
- Rinneadh athbhreithniú ar an Muirear Sóisialta Uilechoteann agus thairbhigh beagnach 330,000 duine uaidh sin

An Clár maidir le Poist

- Tá Plean Gníomhaíochta i gcomhair Post 2012 á chur i bhfeidhm
- Tá forbairt á déanamh ar an gclár do dhaoine dífhostaithe dar teideal Chonairí i dtreo Oibre

- Cuireadh tús le scéim nua JobBridge – sroicheadh an sprioc 5000 áit
- Rinneadh athchóiriú ar an réimeas víosaí chun cabhrú leis an turasóireacht
- Bunaíodh ns Seirbhísí Náisiúnta Fostaíochta agus Teidlíochtaí
- Tá deireadh á chur le FÁS agus athchóiriú á dhéanamh ar sheirbhísí margaidh saothair agus oiliúna
- Bunaíodh an Chomhairle Trádála Onnmhairiúcháin agus tugadh cuairteanna trádála ar gach tír de chuid BRIC
- Mar chuid den Tionscnamh Post, soláthraíodh 15,900 áit bhreise oideachais agus oiliúna
- Ullmhaíodh straitéisí earnála i ndáil le talmhaíocht, seirbhísí airgeadais, cluichí digiteacha, néalríomhaireacht, turasóireacht

Gealltanais a Comhlíonadh

Baincéireacht agus Clár Tacaíochta IMF/AE a Athchaibidliú

Laghdú ar an ráta úis a lorg:

D'éirigh leis an Rialtas athruithe a áirithiú ar chorrlaigh rátaí úis ar iasachtaí a fuair Éire ón tSaoráid Chobhsaíochta Airgeadais Eorpach (EFSF) agus ón Sásra Cobhsaíochta Airgeadais Eorpach (EFSM) agus, mar thoradh air sin, beidh sábháil tuairim is €9 billiún ann thar shaolré na n-iasachtaí. Nuair a chuirtear an méid sin in éineacht leis na hathruithe atá beartaithe le haghaidh rialacha an IMF, beidh sábháil €10 billiún ann thar shaolré na n-iasachtaí.

Teorainn a chur le costas athchaipitliú na mbanc chun tuilleadh íosghráduithe ar rátáil creidmheasa ár dtíre a sheachaint:

Maidir leis an gcostas ar an gcáiníocóir a bhaineann le hathchaipitliú na mbanc lena mbaineann, ghearr an Rialtas an costas sin ó mheastachán tosaigh €35 billiún sa Chlár Tacaíochta go €16.5 billiún agus rinneadh amhlaidh trí dhíol práinne sócmhainní a sheachaint agus, chomh maith leis sin, trí chomhroinnt ualaigh le sealbhóirí bannaí sóisearacha agus trí hinfheistíocht chaipitiúil phríobháideach a áirithiú. Tháinig níos mó ná a leath ar na torthaí ó bhannaí dúchais na hÉireann idir Iúil 2011 agus Márta 2012, agus tá rátáil creidmheasa na hÉireann daingnithe ag gníomhaireachtaí rátála (S&P agus Fitch) d'ainneoin cinntí a bheith déanta chun bannaí dúchasacha Euro eile a íosghrádú.

Earnáil bhaincéireachta níos lú a chruthú:

Tá an Rialtas tar éis earnáil bhaincéireachta bhaile na hÉireann a athstruchtúrú thar dhá phríomhbhanc – AIB agus Banc na hÉireann. Rinneadh an EBS a chónascadh isteach san AIB. Tá na pleananna maidir le hathchaipitliú agus díghiaráil an dá phríomhbhanc sin ceaptha chun a chinntiú go mbeidh dóthain creidmheasa ar fáil don gheilleagar baile. Tá comhdhlúthú déanta ar an mBanc Angla-Éireannach agus ar Irish Nationwide ionas gurb é atá iontu anois ná Corparáid na hÉireann um Réiteach Bainc agus tá foirceannadh na feithicle téarnaimh sin ag leanúint ar aghaidh de réir an sceidil a leagadh amach. Tríd is tríd, tá an Rialtas chun tosaigh i gcomparáid leis an sceideal atá ann maidir le méid na mbanc lena mbaineann a laghdú i gcomhréir la riachtanais an gheilleagair – tá díghiaráil déanta ar níos mó ná €40 billiún agus tá suim €5 billiún breise bainte amach i gcomparáid leis an sprioc a bhí ann don bhliain 2011. Faoi dheireadh na bliana 2011 bhí laghdú déanta ar spleáchas ar mhaoiniúchán Bainc Ceannais go dtí €109 billiún agus bhí laghdú beagnach €50 billiún ann ó ardleibhéal €152.6 billiún sa bhliain 2011. Tá laghdú go dtí €100 billiún déanta ar na cistí atá clúdaithe leis an Ráthaíocht Stáit.

Laghdú a dhéanamh ar spleáchas ar mhaoiniúcháin éigeandála trí úsáid a bhaint as maoiniúchán meántéarma inacmhainne:

Tá laghdú tagtha ar an spleáchas ar an mBanc Ceannais tráth a bhfuil brú méadaithe ann ar an margadh airgeadais idirnáisiúnta. Áirítear ansin laghdú de thrian ar an gCúnamh Éigeandála Leachtachta (ELA) a úsáideann bainc na hÉireann agus, ag an am céanna, níl Banc na hÉireann ná Banc-Aontas Éireann (AIB) ag baint leas as ELA a thuilleadh.

Deireadh a chur le haistrithe eile chuig NAMA:

Tá caibidlíocht déanta maidir leis an ngealltanas chun deireadh a chur le haistrithe eile chuig NAMA agus comhlíonadh an gealltanas sin.

Soláthar dóthanach creidmheasa d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide a chinntiú:

Mar gheall ar athstruchtúrú na mbanc beifear in ann soláthar dóthanach creidmheasa a chur ar fáil d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide. Sa bhliain 2011, shroich Banc-Aontas Éireann agus Banc na hÉireann na spriocanna a bhí ann agus ceadaíodh iasachtaí €3 billiún d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide.

An sciar poiblí sna bainc a dhiúscairt:

Tríd an ngealltanas seo a chomhlíonadh baineadh amach staid shuntasach, is é sin le rá, go ndearnadh infheistíocht earnála príobháidí os cionn €1.7 billiún i mBanc na hÉireann rud a d'fhág gurbh é 85% leibhéal na húinéireachta príobháidí sa bhanc sin.

Struchtúr comhtháite cinnteoireachta a chruthú:

Chabhraigh bunú na Comhairle Bainistíochta Eacnamaíche (EMC) ag an Rialtas go mór le comhtháthú na cinnteoireachta idir Ranna agus Gníomhaireachtaí iomchuí. I mí Iúil, rinneadh rannán baincéireachta Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (NTMA) a chomhtháthú isteach i Rannán Baincéireachta nua-chruthaithe na Roinne Airgeadais agus is é a lean as sin ná struchtúr níos sruthlíní agus níos comhtháite chun an ghéarchéim bhaincéireachta a bhainistiú.

Boird na mBanc a athstruchtúrú:

Tá athruithe suntasacha déanta ar Bhoird. Tá na Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin go léir a bhí ann oíche na Ráthaíochta Bainc tar éis imeacht óna bpoist ar na Boird nó ag déanamh réidh le himeacht óna bpoist ar na Boird. Níl ach 4 de na 74 stiúrthóir bainc a bhí ann i meán Fómhair 2008 ann fós. De bhreis air sin, tá córas nua inniúlachta agus ionracais á oibriú ag an mBanc Ceannais. Rinneadh painéal 30 stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin féideartha a chruthú tar éis 450 léiriú spéise a fháil mar thoradh

ar léirithe spéise a lorg go poiblí. Ceapadh Príomhoifigigh Feidhmiúcháin nua chuig dhá cheann de na bainc a fhaigheann tacaíocht ón Rialtas.

Aitheantas a thabhairt do ról tábhachtach na gcomhar creidmheasa:

Bunaíodh an Coimisiún um Chomhair Chreidmheasa i mBealtaine 2011 agus chuir sé a Thuarascáil Eatramhach faoi bhráid an Aire Airgeadais ag deireadh Mheán Fómhair de réir mar a bhí sceidealta lena aghaidh sin. Táthar chun tuarascáil chríochnaitheach an Choimisiúin a thabhairt i gcrích níos déanaí an mhí seo.

Tacú le forbairt an IFSC amach anseo:

Cuireadh tús le Straitéis an Rialtais maidir leis an Tionscal Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta in Éirinn 2011-2016 i mí Iúil 2011. Ceapadh an straitéis sin ar bhonn cuspóra chun níos mó ná 10,000 post ar fad a chruthú, chun fostaíocht láithreach agus gnóthaí láithreacha a chosaint agus chun an earnáil a mhéadú. Tá sé de chúram ar Ghrúpa Theach Imréitigh an IFSC na spriocanna atá leagtha amach sa Straitéis a bhaint amach.

Clár Fostaíochta 2011

Acmhainní a chur ar fáil le haghaidh Ciste Fostaíochta:

Cuireadh tús leis an Tionscnamh Post ar an 10 Bealtaine 2011. Áiríodh raon beart ann a bhain leis an ngeilleagar go léir agus a bhí dírithe ar chruthú post i réimsí amhail turasóireacht, iompar, fuinneamh agus oideachas. Áiríodh ann freisin roinnt beart a bhí dírithe ar thimpeallacht thacúil a sholáthar do ghnóthaí atá ag tosú agus do ghnóthaí atá ag iarraidh fás a dhéanamh.

An ráta CBL a ghearradh ó 13.5% go dtí 12% suas go deireadh na bliana 2013:

Rinneadh foráil sa Tionscnamh Post maidir le tabhairt isteach dara ráta spriocdhírithe laghdaithe 9% i leith earraí agus seirbhísí áirithe a bhaineann go háirithe leis an turasóireacht. B'ionann sin agus laghdú 4.5% ar an ráta a bhí ann roimhe seo. Is beart sealadach fós é an ráta nua 9% agus é ceaptha chun cur leis an ráta fostaíochta sa ghearrthéarma - fanfaidh an ráta nua i bhfeidhm go dtí deireadh mhí na Nollag 2013.

An ráta íseal ÁSPC 8.5% a laghdú go leath a mhéid suas go deireadh na bliana 2013 i dtaca le poist lena ngabhann pá suas go €356 sa tseachtain:

Mar chuid den Tionscnamh Post, d'fhógair an Rialtas go ndéanfaí an ráta íseal ÁSPC a ghearradh go leath a mhéid láithrigh go dtí deireadh na bliana 2013 i gcás fostaithe nua a fhaigheann post lena ngabhann pá suas go €356 sa tseachtain.

An pá íosta:

Le héifeacht ón 1 Iúil 2011, d'athbhunaigh an Rialtas an pá íosta ag a sheanleibhéal, is é sin, €8.65.

Tionscnaimh earnála:

Sa Phlean Gníomhaíochta i gcomhair Post a seoladh i bhFeabhra 2012, leagtar amach tionscnaimh in earnálacha tábhachtacha, chomh maith le bearta cothrománacha trína dtabharfar tacaíocht don fhostaíocht sa gheilleagar baile. Cuimsíonn an Plean os cionn 270 gníomhaíocht thar 15 Roinn agus 36 Ghníomhaíocht, ar gníomhaíochtaí iad atá ceaptha chun go mbeidh sé níos fusa tús a chur le gnóthaí nua, chun gur fusa gnóthaí a leathnú agus chun gur fusa do ghnóthaí onnmhairiú a dhéanamh agus poist a chruthú.

Margaí nua a fhorbairt i ngeilleagair atá ag teacht chun cinn:

Is é an Chomhairle Trádála Onnmhairiúcháin an príomhshásra comhordúcháin trína ndéantar straitéis an Rialtais maidir le trádáil, turasóireacht agus infheistíocht a chur i bhfeidhm suas go dtí an bhliain 2015, ar straitéis í a dhíríonn ar na margaí is tábhachtaí atá ag teacht chun cinn agus, freisin, ar ár gcuid margaí seanbhunaithe. Táthar tar éis pleananna margaí áitiúla don bliain 2012, ina n-áirítear 27 margadh tosaíochta, a thíolacadh don Chomhairle. Tá Ambasadóirí i gceannas ar fhoirne atá comhdhéanta d'ionadaithe ó Ghníomhaireachtaí Stáit ar an láthair.

Rinneadh Comhchoimisiún Eacnamaíochta (JEC) a sheoladh go rathúil in éineacht leis an Rúis i mí na Samhna 2011 agus, mar chuid den ullmhúchán le haghaidh JEC-anna in éineacht leis an tSín, leis an gCóiré Theas agus leis an Áraib Shádach, díreofar ar an leibhéal ard céanna a bhaint amach i dtaca le rannpháirtíocht ar thaobh Gníomhaíochtaí agus Ranna. Déanfar Misin Trádála, agus Aire i gceannas orthu, a eagrú chuig gach tír de chuid BRIC. Ina theannta sin, tabharfaidh an Taoiseach agus an Tánaiste cuairt ar an tSín chun cur leis an méid a baineadh amach le linn chuairt rathúil Leas-Uachtarán na Síne i mí Feabhra.

Oibreacha caipitiúla:

Mar chuid den Tionscnamh Post, dhírigh an Rialtas ar oibreacha caipitiúla diansaothair, lena n-áirítear athshlánúchán bóithre náisiúnta agus bóithre aitiúla agus cláir oibreacha scoile. I mí na Samhna 2011, d'fhoilsíomar an creat Infheistíochta Bonneagair agus Caipitil 2012-2016 ar fiú €17 billiún é. Sa doiciméad seo, tugtar achoimre ar na príomhréimsí a mbeartaíonn an Rialtas infheistíocht a dhéanamh iontu sna blianta atá díreach romhainn. Tá Cód Luach ar Airgead (VFM) tugtha isteach againn freisin ar cód é ina leagtar amach na rialacha agus na nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun a chinntiú

go bhfaightear an luach is fearr ar airgead nuair atá airgead poiblí á chaitheamh nó á infheistiú.

An Beartas maidir leis an Margadh Saothair

An Scéim Náisiúnta Inteirneachta:

Cuireadh tús le JobBridge i Meitheamh 2011 agus faoi dheireadh Feabhra bhí an sprioc 5,000 inteirneacht bainte amach cheana féin.

Feabhas a chur ar rochtain ar ardoideachas do dhaoine dífhostaithe:

Cuireadh tús leis an tionscnamh Springboard i mBealtaine 2011 agus bhí soláthar ann maidir le 6,000 áit nua ar chláir ardoideachais do dhaoine dífhostaithe. I bhFeabhra 2012, rinneadh 500 áit bhreise Springboard a sholáthar i ndáil le cur le scileanna atá ag daoine.

Rinneadh iarraidh ar iarratasóirí le haghaidh Springboard 2012 a fhógairt i mí Feabhra. Soláthróidh sé sin áiteanna páirtaimseartha ardoideachais saor in aisce chun a chumasú do dhaoine dífhostaithe cur lena gcuid scileanna agus scileanna nua a fháil i réimsí a bhfuil riachtanas sainaitheanta ina leith agus ina bhfuiltear ag súil le deiseanna fostaíochta.

An tSeirbhís Náisiúnta Fostaíochta agus Teidlíochtaí:

Tá Seirbhís nua Náisiúnta Fostaíochta agus Teidlíochtaí curtha in ionad FÁS ionas go ndéanfar na seirbhísí go léir fostaíochta agus tacaíochta sochair a chomhtháthú in aonad amháin soláthair. Soláthróidh an tseirbhís chomhtháite sin “siopa ilfheidhme” do dhaoine ionas go ndéanfar íoc íocaíochtaí leasa shóisialaigh le daoine dífhostaithe a chomhthathú le soláthar seirbhísí chun cabhrú leo deiseanna fostaíochta, oideachais agus oiloiúna a aimsiú.

Onnmhairí a Mhéadú

Comhairle Trádála Onnmhairiúcháin a bhunú:

Seoladh an Chomhairle Trádála Onnmhairiúcháin i Meán Fómhair 2011 chun bealach a leagan amach ar tríd a dhéanfar ár gcuid acmhainní agus saineolais a eagrú ar shlí ina dtugtar tacaíocht do ghnólachtaí Éireannacha, de gach méid, i ngach cuid den tír, ar gnólachtaí iad atá ag trádáil agus ag méadú a ngnóthaí thar lear. Tá tuairim is 50% de na háiteanna ar an gComhairle ag daoine is ionadaithe thar ceann na hearnála príobháidí agus gnóthaí onnmhairiúcháin.

An tairseach 'Source Ireland':

Déanann Fiontraíocht Éireann seirbhís ar a dtugtar 'Source a Product or Service from Ireland' a sholáthar trína láithreán gréasáin.

De bhreis air sin, mar mhodh chun Cabhrú le Gnóthaí Dúchasacha Trádáil a Dhéanamh, tá gealltanas ann faoin bPlean Gníomhaíochta i gcomhair Post á rá go mbunófar Rannán nua Onnmhaireoirí Ionchasacha chun gníomhaíocht mhéadaithe a spreagadh laistigh de chuideachtaí thar gach réigiún agus chun na cinn sin a léiríonn fíorphoitéinseal le haghaidh fáis a atreoshuí.

Nuálaíocht agus Tráchtálaíocht

Na moltaí atá sa Tuarascáil maidir le Trádáil agus Infheistíocht sa Gheilleagar Cliste a chur i bhfeidhm de réir a chéile:

Tá comhlíonadh maidir le cur i bhfeidhm na straitéise á dhéanamh de réir na sprice a bhí ann lena aghaidh nó táthar chun tosaigh ar an sprioc sin.

An Tionscal Cluichí Digiteacha:

I mí Dheireadh Fómhair 2011, sheol Forfás tuarascáil maidir le poitéinseal na hearnála Cluichí Digiteacha mar aon le plean ina raibh achoimre ar ghníomhaíochtaí sonracha ar féidir leis an Rialtas iad a chur i bhfeidhm chun an poitéinseal sin a réadú. I gcomhréir leis an bPlean Gníomhaíochta i gcomhair Post 2012, tionólfaidh an Rialtas ceardlann maidir le tacaíochtaí Taighde & Forbartha chun feasacht ar thacaíochta Taighde & Forbartha a chur chun cinn. Déanfaidh sé treoir faoi chreidmheasanna cánach Taighde & Forbartha a eisiúint freisin ar treoir í a bheidh ina cabhair d'fhiontair agus ina n-áireofar samplaí a bhfuil baint acu le cuideachtaí cluichí.

An Prótacal maidir le Maoin Intleachtúil Náisiúnta:

Tá forbairt an phrótacail seo maidir le Maoin Intleachtúil Náisiúnta beagnach críochnaithe. Tá sé sin liostaithe sa Phlean Gníomhaíochta i gcomhair Post mar ní atá le soláthar i Ráithe 1 i mbliana. Baineann an prótacal seo le cabhrú leis an tionscal rochtain a fháil ar an táighde atá déanta in ollscoileanna, in institiúidí teicneolaíochta agus in institiúidí eile taighde phoiblí na hÉireann. Leagtar amach ann beartais an Rialtais chun spreagadh a thabhairt don tionscal i leith tairbhe a fháil ón taighde sin agus tuairiscítear ann na socruithe praiticiúla nach mór a bheith ann chun an méid sin a bhaint amach.

Tograí maidir le hAontas Nuálaíochta:

Leanfaidh an Rialtas dá theagmháil leis an gCoimisiún Eorpach maidir le gach gné de Thionscnamh Tábhachtach an Aontais Nuálaíochta. I mBealtaine 2011, thíolacamar freagra mionsonraithe ar an gcomhairliúchán faoi Horizon 2020 ar gné thábhachtach de chuid an Tionscnaimh é.

Ina theannta sin, bhíomar rannpháirteach i gcomhairliúchán an Choimisiúin Eorpaigh maidir leis an Limistéar Eorpach Taighde (ERA) atá beartaithe agus i bhforbairt tuairime faoin ERA ón gCoiste um an Limistéar Eorpach Taighde.

De bhreis air sin, tá an Rialtas tar éis 14 réimse tosaíochta a ghlacadh le haghaidh taighde agus iad bunaithe ar na moltaí ón mBeart Náisiúnta maidir le Tosaíochtaí Taighde agus, sa tslí sin, tá leas á bhaint as taighde agus as nuálaíocht chun borradh a chur faoi chruthú fostaíochta. Ar an 1 Márta 2012, sheol an Rialtas a phlean chun a bhuiséad lárnach €500 milliún le haghaidh taighde eolaíochta a dhíriú gach bliain ar na réimsí ina bhfuil an poitéinseal is mó i dtaca le fáltas eacnamaíochta a bhaint amach.

Leasuithe ar an réimeas creidmheasa cánach do Thaighde & Forbairt:

Áirítear na nithe seo a leanas i bpríomhghnéithe na n-athruithe ar chreidmheas cánach do Thaighde & Forbairt dá bhforáiltear leis an mBuiséad agus leis an mBille Airgeadais 2012:

- ligean do chuideachtaí luaíocht a thabhairt do phríomhfhostaithe taighde trí rogha a thabhairt do chuideachtaí maidir le cuid den chreidmheas a aistriú chuig na daoine is mó tallann a raibh baint an-mhór acu le taighde;

- beidh an chéad €100,000 de chaiteachas cáilitheach Taighde & Forbartha gach gnólachta cáilithe i gcomhair an chreidmheasa cánach agus ní bheidh gá le comhlíonadh an cheanglais maidir leis an gcaiteachas sin a bheith incriminteach i gcomparáid le caiteachas sa bhonnbhliain (2003), rud a fhágann gur fusa do chuideachtaí beaga agus meánmhéide go háirithe an creidmheas a éileamh;

- ar mhaithe le cuideachtaí beaga agus meánmhéide, tá leasú á dhéanamh ar theorainneacha ar eisfhoinsiú.

Tacaíocht a Thabhairt d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide

Fáil earraí agus seirbhísí san earnáil phoiblí:

Tar éis próiseas forleathan comhairliúcháin phoiblí a reáchtáil, chuir an Rialtas tús le Tairiscintí Glasa – Plean Gníomhaíochta i gcomhair Earraí agus Seirbhísí Glasa a fháil san

Earnáil Phoiblí i mí Eanáir 2012. Is é is aidhm don Phlean Gníomhaíochta seo ná cabhrú le húdaráis phoiblí fáil earraí agus seirbhísí glasa san earnáil phoiblí a phleanáil agus a chur i bhfeidhm go rathúil.

Áirítear sa Phlean Gníomhaíochta i gcomhair Post freisin roinnt tionscnamh ar dá réir a bheidh ról níos gníomhaí ag na Seirbhísí Náisiúnta Fála Earraí agus Seirbhísí (NPS) agus ag Fiontraíocht Éireann i ndáil le cabhrú le Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide rochtain a fháil ar an margadh fála earraí agus seirbhísí.

Athchóirithe ar an reachtaíocht a bhaineann le féimheacht:

Cheadaigh an Rialtas foilsiú Cheannteidil an Bhille um Dhócmhainneacht Phearsanta agus na dtograí maidir leis an mbille sin a dhréachtú le go mbeidh sé i bhfoirm reachtach chríochnaitheach trína ndéanfar cur chuige nua a sholáthar i ndáil le déileáil le dócmhainneacht. Leis an mBille seo déanfar athchóiriú radacach ar an reachtaíocht a bhaineann le féimheacht trí sásraí nua a fhorordú maidir le glanadh neamhbhreithiúnach fiach, ar mhaithe le leas an phobail agus ar mhaithe le féichiúnaithe agus creidiúnaithe araon. Go háirithe, cabhróidh an reachtaíocht leo sin a bhfearann deacrachtaí orthu gan choinne mar thoradh ar na himthosca reatha sa réimse fioscach, sa réimse eacnamaíochta agus sa réimse fostaíochta.

Struchtúr an Chomhchoiste Oibreachais a athchóiriú:

Foilsíodh an Bille Caidrimh Thionscail (Leasú) (Uimh. 3) i mí na Nollag 2011. Leis an reachtaíocht seo, déanfar athchóiriú iomlán ar shásraí socraithe pá an Chomhchoiste Oibreachais/an Chomhaontaithe Fostaíochta Chláraithe; laghdófar an líon Comhchoistí Oibreachais ó 13 cinn go 6 cinn; agus laghdófar an líon rátaí a shocraítear ó 300 ráta go dtí líon rátaí i bhfad níos lú ná sin. Tá an Dara Céim den Bhille críochnaithe sa Dáil agus tá sé ar feitheamh faoi láthair le haghaidh chéim an Choiste.

Seirbhísí Airgeadais agus Creidmheas do Ghnóthaí

Scéim Ráthaíochta Creidmheasa:

I gcomhréir leis an bPlean Gníomhaíochta i gcomhair Post 2012, táthar tar éis scéim ráthaíochta páirtí creidmheasa spriocdhírithe shealadach a cheapadh agus déanfar í a chur i bhfeidhm go gairid chun tacú le hiasachtóireacht nua le Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide. Nuair a dhéanfar measúnú, d'fhéadfadh sé go mbeadh poitéinseal ann chun an scéim ráthaíochta creidmheasa a leathnú trí shocrú a chur san áireamh a fhágfaidh gur féidir saoráid ráthaíochta creidmheasa a chur isteach a bhaineann go sonrach le honnmhairiúchán tráchtála.

Ciste tosaithe miocrairgeadais:

I gcomhréir leis an bPlean Gníomhaíochta i gcomhair Post 2012, déanfar Saoráid Iasachta Miocrairgeadais a bhunú chun iasachtaí suas go €25,000 a sholáthar agus iad dírithe ar mhicrifhiontair nuathionscanta nó nuabhunaithe, nó ar mhicrifhiontair a mhéadú, thar gach earnáil tionscail. Ina theannta sin, tá €10 milliún ceadaithe ag an Rialtas mar shíolchaipiteal don Chiste.

Maoiniúchán caipitil fiontair:

Déanfar an Ciste um Chaipiteal Forbartha a sheoladh agus a mhargú faoi dheireadh Ráithe 1 2012. Is é a bheidh sa mhaoiniúchán Státchiste is gá don scéim seo ná €50 milliún thar 10 mbliana. Beidh an tráth a dhéantar infheistíochtaí irabhír faoin scéim ag brath ar chumas na mbainisteoirí ciste a roghnófar as measc na 'léirithe spéise' chun na cistí meaitseála a bhailiú is gá chun a gcistí 'a dhúnadh' agus chun tosú ag infheistiú.

Go dtí seo, faoin gcéad iarraidh phoiblí ar thograí, tá an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean (NPRF) tar éis trí infheistíocht a dhéanamh faoi Chiste Nuálaíochta Éireann agus tá Bord Fhiontraíocht Éireann tar éis trí ghealltanas atá tugtha do thrí bainisteoir caipitil fiontair a cheadú.

Straitéisí Earnála

AN EARNÁIL AGRAIBHIA A MHÉADÚ

An Comhbheartas Talmhaíochta:

Bhí ról gníomhach ag an Rialtas sna caibidlíochtaí maidir le hathchóiriú an Chomhbheartais Talmhaíochta. Is é atá sa bhunaidhm atá ag Éirinn ná imchlúdach foriomlán cuí maoiniúcháin a áirithiú don talmhaíocht faoin gComhbheartas Talmhaíochta agus sciar cothrom den imchlúdach sin a áirithiú d'Éirinn mar aon le solúbthacht réasúnach a bhaint amach i dtaobh conas a úsáidtear na cistí sin. Leanfar den obair seo ar fud na bliana 2012 agus is dócha gur réimse tábhachtach a bheidh sa réimse seo le linn Uachtaránacht na hÉireann ar an AE sa bhliain 2013.

Leathnú agus nuálaíocht san earnáil déiríochta agus san earnáil feola:

De bhun Food Harvest 2020, táthar tar éis Clár nua Glactha Teicneolaíochta Mairteola a thabhairt isteach, ar clár é trína ndéanfar eolas agus scileanna a sholáthar do rannpháirtithe, is é sin, an t-eolas agus na scileanna is gá chun costais a laghdú agus corrlaigh bhrabúis a mhéadú ar a gcuid feirmeacha. Beidh ar fheirmeoirí rannpháirteacha méadrachtaí bunlíne a fhorbairt dá gcuid feirmeacha agus pleananna

gnó a fhorbairt ar nithe iad sin a chumasóidh dóibh spriocanna a leagan amach agus dul chun cinn a rianú thar na trí bliana de ré an chláir.

Tá dul chun cinn suntasach déanta maidir le nuálaíocht san earnáil déiríochta de bharr sheoladh an Lárionaid Nuálaíochta Deiríochta – ina ndéantar comhoibriú stáit/tionscail maidir le taighde chun sruth táirgí tomhaltóra a ghiniúint agus iad bunaithe ar dhéiríocht.

Soghluaisteacht talún a chur chun cinn:

Bhí bearta eile ann i mBuiséad 2012 a bhí dírithe ar fheabhas a chur ar shoghluaisteacht talún agus ar aistriú idirghlúine, lena n-áirítear laghdú ar an rata dleachta stampa ar thalamh talmhaíochta ó 6% go 2% agus athstruchtúrú a dhéanamh ar an bhfaoiseamh scoir ar Cháin Ghnóchan Caipitiúil chun dreasacht a thabhairt i leith sócmhainní feirme a aistriú níos luaithe chuig an gcéad ghlúin eile.

Feirmeoirí óga:

Tá brústocaireacht déanta go rathúil ag Éirinn maidir le híocaíocht d'fheirmeoirí óga a áireamh faoi Cholún 1 i dtograí an Choimisiúin Eorpaigh i gcomhair Comhbheartais Talmhaíochta athchóirithe.

Branda aonair a fhorbairt d'agraibhia na hÉireann:

Bhí ról ceannais ag an mBord Bia maidir le branda aonair a fhorbairt d'agraibhia na hÉireann agus tá dianchlár oibre ann. Sa bhliain 2012, ceaptar go mbeidh tuilleadh oibre le déanamh, i gcomhar leis an tionscal, chun straitéis an bhranda a mhínscagadh.

Straitéis a fhorbairt do bhia mara na hÉireann:

Táimid ag obair chun poist nua a chruthú agus chun gníomhaíocht eacnamaíochta agus breisluach a mhéadú i ndáil leis an amhábhar seo atá ar fáil in Éirinn. Le linn na bliana 2011, thug BIM cúnamh deontais chun 260 post nua a chruthú san earnáil phróiseála bia mara agus tá móriarracht ar siúl chun poitéinseal an dobharshaothraithe a fhorbairt i suímh amach ón gcósta.

AN TÁIRGE TURASÓIREACHTA A FHEABHSÚ

Cáin taistil:

Tá teagmháil dhearfach déanta ag an Rialtas leis na haerlínte agus chuir sé in iúl dóibh go soiléir go mbeadh sé toilteanach deireadh a chur leis an gcáin taistil dá bhfaighfí freagra dearfach ó na haerlínte trína soláthrófaí trácht suntasach breise isteach sa tír. Ós

rud é nach bhfuarthas freagra den sórt sin fós, tá an cháin i bhfeidhm i gcónaí. Ach rinneadh cuid den ioncam a d'éirigh as an gcáin sin a leithroinnt chuig tionscnamh a fógraíodh i mí Dheireadh Fómhair chun cur le turasóireacht isteach sa tír. Ghníomhaigh na haerlínte agus dreamanna eile sa trádáil taistil trí rannchuidiú leis an tionscnamh sa chaoi go rabhthas in ann €9 milliún breise a infheistiú chun turasóirí a mhealladh chuig an tír.

An Ciste Margaíochta Turasóireachta:

Rinneadh €39.4 milliún a leithroinnt chuig an gCiste Margaíochta Turasóireachta don bhliain 2012 á áirithiú, maidir leis an bplean gnó agus margaíochta don Turasóireacht sa bhliain 2012, go bhfuil na hacmhainní iomlána ann chun cuspóirí an phlean a bhaint amach. Sa bhliain 2011, tharla an chéad mhéadú ar an líon cuairteoirí le ceithre bliana anuas.

Víosaí do chuairteoirí:

Cuireadh tús le Clár Tarscaoilte Víosaí Gearrfhanachta na hÉireann ar an 1 Iúil 2011. Tá an Clár ceaptha chun cur le turasóireacht agus le gnó, go háirithe i dtaca le margaí atá ag teacht chun cinn. Tá athbhreithniú á dhéanamh ar an gClár faoi láthair chun a chinntiú go ndéantar an poitéinseal a bhaineann leis maidir le cuairteoirí a mhealladh ó na príomh-mhargaí spriocdhírithe a uasmhéadú le linn Chluichí Oilimpeacha Londan 2012. De bhreis air sin, tríd an gClár Infheisteoirí is Inimircigh agus tríd an Scéim Fiontraithe is Tosaitheoirí Gnó, ligfear do dhaoine a dhéanann infheistíocht shuntasach i bpoist Éireannacha cónaí a dhéanamh in Éirinn.

Margaí cianaistir a fhorbairt:

Áirítear i bplean margaíochta Thurasóireacht Éireann don bhliain 2012 raon beart chun spreagadh a dhéanamh i leith an líon cuairteoirí ó mhargaí cianaistir atá ag teacht chun cinn a mhéadú. I mí Eanáir 2012, thosaigh dara haerlíne seirbhís dhíreach ó Bhaile Átha Cliath go dtí Stáit na Murascaille rud a chuir tuilleadh feabhais ar an rochtain ar Éirinn ó mhargaí cianaistir. Rinneadh comhaontú nua déthaobhach maidir le haersheirbhísí a chaibidil idir Éire agus Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha chun na naisc a fhorbairt tuilleadh. Tá an réimeas nua tarscaoilte víosaí á mhargú go gníomhach freisin chun turasóireacht isteach in Éirinn ó mhargaí éagsúla cianaistir a chur chun cinn.

r-Acmhainneacht Turasóireachta:

Sa bhliain 2011, rinne Fáilte Éireann tacaíocht a sholáthar do 2,000 fiontar turasóireachta chun a chumasú dóibh a láithreacht ar an idirlíon a fhorbairt, a chothabháil agus a idirnáisiúnú.

Turasóireacht atá dírithe ar ócáidí áirithe:

Táimid ag leanúint de thacaíocht a thabhairt do thursaóireacht atá dírithe ar ócaidí áirithe in Éirinn. I measc na n-ócáidí rathúla a reáchtáladh go rathúil in Éirínn sa bhliain 2011 áirítear Corn Solheim, Cluiche Ceannais Léig Europa, na Longa Arda, Comórtas Oscailte Gailf na hÉireann agus Seó Capall Bhaile Átha Cliath, chomh maith leis na céadta féilte ar fud na tíre. Tá sraith ócáidí eile beartaithe don bhliain 2012 agus tá leithroinnt speisialta curtha ar fáil don Gathering – is é sin, clár bliana d'fhéilte agus d'ócáidí atá ceaptha chun muintir na hÉireann ar fud an domhain a spreagadh chun cuairt a thabhairt ar Éirinn sa bhliain 2013 agus atá ceaptha chun méadú 325,000 a dhéanamh ar líon na dturasóirí. Déanfar an Gathering a sheoladh ar bhonn idirnáisiúnta ar Lá Fhéile Pádraig.

OIDEACHAS IDIRNÁISIÚNTA

Oideachas Idirnáisiúnta:

I Márta 2011, sheol an Rialtas "Education in Ireland" ar bratbhranda nua é chun margaíocht a dhéanamh ar bhonn idirnáisiúnta maidir le hEarnálacha Ardoideachais agus Foghlama Béarla na hÉireann.

POIST GHLASA

Maoiniú dúbailte d'éifeachtúlacht fuinnimh sa bhaile:

Anuraidh, leithroinn an Rialtas €30 milliún breise don chlár Better Energy rud a d'fhág go raibh buiséad iomlán €90 milliún ann don bhliain 2011. Sa bhliain 2012, tá €76 milliún leithroinnte againn don chlár agus, dá bharr sin, tabharfar tacaíocht i leith níos mó ná 4,500 post, idir phoist dhíreacha agus phoist neamhdhíreacha.

Straitéis Infheistíochta

Tosaíochtaí maidir le hinfheistíocht:

Seoladh an Creat Meántéarmach Infheistíochta Státchiste arb é atá ann ná mórchlár infheistíochta caipitiúla trína dtabharfar tacaíocht i leith na mílte post sa gheilleagar sna blianta atá díreach romhainn.

Cláir maidir le hinfheistíocht i gcuideachtaí stát-tionscanta:

I Meán Fómhair 2011, bhunaigh an Rialtas NewERA chun athrú a dhéanamh ar an tslí ina mbainistíonn an Rialtas a scairshealbhaíocht san earnáil stát-tionscanta trí chur chuige nua punainne a ghlacadh. Is freagracht shonrach de chuid NewERA é athbhreithniú a

dhéanamh ar na pleananna infheistíochta caipitiúla atá ag cuideachtaí áirithe tráchtála stát-tionscanta agus sineirgíochtaí féideartha idir cláir infheistíochta cuideachtaí éagsúla stáit a shainaithint. Oibreoidh NewERA le Ranna freisin chun tograí maidir le hinfheistíocht a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis na gealltanais atá ann sa Chlár Rialtais maidir le fuinneamh, uisce agus teileachumarsáid na chéad ghlúine eile.

Sealbhaíocht Stáit a bhainistiú:

Rinneadh NewERA a bhunú i dtosach mar mhúnla feidhmiúcháin scairshealbhóra chun bainistíocht níos fearr a dhéanamh ar shealbhaíocht an Stáit i gcuideachtaí tráchtála stát-tionscanta. Tá sé freagrach as rialachas corparáideach, ó thaobh scairshealbhóra de, i gcuideachtaí amhail BSL, Bord Gáis, EirGrid, Bord na Móna agus Coillte. Tar éis a chuid oibre tosaigh a chur i gcrích maidir le hinfheistíocht agus diúscairt sócmhainní stáit, déanfaidh NewERA breithniú freisin ar mhúnlaí nua le haghaidh struchtúir cuideachta sealbhaíochta a d'fhéadfadh úinéireacht a bheith aici ar na scaireanna i gcuideachtaí stát-tionscanta na hÉireann.

NewERA

Banc Infheistíochta Straitéisí:

Bunaíodh NewERA in éineacht leis an gCiste Infheistíochta Straitéisí (SIF) a bheidh mar a bheadh réamhtheachtaí ann i dtaca leis an mBanc Infheistíochta Straitéisí. Tar éis athruithe cuí reachtaíochta a dhéanamh maidir le beartas infheistíochta an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean (NPRF), déanfaidh an Ciste Infheistíochta Straitéisí (SIF) acmhainní a threorú ón NPRF chuig infheistíocht tháirgiúil i ngeilleagar na hÉireann. Chomh maith le hairgead a fháil ón NPRF, lorgóidh an SIF infheistíocht meaitseála tráchtála ó infheisteoirí príobhaideacha agus déanfaidh sé spriocdhíriú ar réimsí a bhfuil tábhacht straitéiseach acu i ndáil le todhchaí gheilleagar na hÉireann.

Uisce Éireann:

Cheadaigh an Rialtas bunú Fóntais Phoiblí Uisce chun soláthar seirbhísí uisce a ghlacadh ar láimh ó na húdaráis áitiúla. Rinneadh measúnú neamhspleách agus páipéar seasaimh ina leagtar amach tograí an Rialtais maidir le hathchóiriú na hearnála seirbhísí uisce a fhoilsiú i gcomhair comhairliúcháin i mí Eanáir 2012. Ina theannta sin, cheadaigh an Rialtas maoiniú le haghaidh cláir uilechoitinn méadraithe uisce baile trí iasacht tráchtála a fháil ón NPRF agus is é an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil a chuirfidh tús leis an bpróiseas fála seirbhísí maidir leis an gclár.

Sócmhainní Stáit a dhíol:

Tá an Rialtas tar éis cruth agus scála an chláir diúscartha sócmhainní a aontú agus tá sprioc €3 billiún ann ina leith sin ar suim í sin atá níos uaillmhianaí anois ná mar a bhí i gceist ar dtús. Tá sé aontaithe ag an Rialtas á rá go ndéanfar an tríú cuid de na fáltais sin a athinfheistiú sa gheilleagar. Beidh díol na sócmhainní seo a leanas san áireamh sa chlár seo:

- Gnó fuinnimh Bhord Gáis Éireann (gan córais tarchurtha nó dáilte gáis Bord Gáis Éireann nó an dá idirnascaire gáis a áireamh, ar nithe iad sin a fhanfaidh faoi úinéireacht an Stáit);

- Cuid d'acmhainneacht neamhstraitéiseach giniúna cumhachta BSL;

- Déanfar breithniú ar dhíol cuid de shócmhainní Choillte (gan díol talún a áireamh) agus ar dhíol na scairshealbhaíochta atá ag an Stát in Aer Lingus nuair a bheidh na cúinsí margaidh fabhrach agus ar phraghas atá inghlactha ag an Rialtas.

Beartas Fioscach

Cloí leis an gcoigeartú comhiomlán de réir mar atá leagtha amach sa Phlean Náisiúnta Téarnaimh:

Chomhlíon an Ráiteas Fioscach Meántéarma (MTFS) agus Buiséad 2012 an gealltanas sin don tréimhse iomlán 2011/2012. Tá níos mó ná méid na sprice laghdaithe easnaimh mar chéatadán den Olltáirgeacht Baile don bhliain 2011 bainte amach againn.

An ráta cánach corparáide a choimeád ag 12.5%:

Tá an Rialtas tiomanta i gcónaí i leith an bheartais seo agus leanann sé dá sheasamh a chosaint ar leibhéal an AE.

Na rátaí reatha cánach ioncaim, mar aon leis na bandaí agus na creidmheasanna, a choimeád ar bun:

Ní dhearnadh na bandaí cánach ioncaim ná creidmheasanna a athrú i mBuiséad 2012.

Faoisimh chánach maoine:

Rinneadh roinnt beart a bhaineann le faoisimh maoine leagáide a chur i bhfeidhm mar chuid de Bhuiséad 2012.

Ráta íosta glan cánach 30% do dhaoine a bhfuil tuilleamh an-ard acu:

Tá an ráta íosta glan cánach 30% do dhaoine a bhfuil tuilleamh ard acu á bhreithniú go leanúnach agus táthar ag fanacht le tuarascáil ó na Coimisineirí Ioncaim i leith na bliana 2010.

An ráta uasta CBL a theorannú do 23%:

Rinneadh CBL a ardú go 23% i mBuiséad 2012 agus gheall an Rialtas athuair nach ndéanfaí CBL a ardú os cionn an leibhéil sin.

An Muirear Sóisialta Uilechoiteann a athbhreithniú:

Rinne an Rialtas athbhreithniú ar thionchar an Mhuirir Shóisialta Uilechoitinn agus, ina dhiaidh sin, d'fhógair sé athruithe a chabhraíonn le daoine ar phá íseal, le hoibrithe páirtaimseartha agus le hoibrithe séasúracha i réimsí diansaothair amhail earnáil na feirmeoireachta agus earnáil na haíochta. Ón 1 Eanáir 2012, rinneadh an leibhéal díolúine a ardú rud a chuaigh chun tairbhe beagnach 330,000 duine agus a chabhraigh le daoine dul isteach sa mhargadh saothair.

Déanfaidh deoraithe cánach ranníocaíocht chóir leis an Státchiste:

Mar chuid de Bhuiséad 2012, cuireadh deireadh le "saoránacht" mar choinníoll a bhaineann le híoc an Tobhaigh Sainchónaithe lena chinntiú nach féidir le "deoraithe canach" an íoc an tobhaigh sin a sheachaint trína saoránacht a thréigean. Mar ullmhúchán i gcomhair tuilleadh athruithe sa bhliain 2013, beidh comhairliúchán poiblí ann sa bhliain 2012 maidir le saincheisteanna a bhaineann le cónaí.

Athbhreithniú Cuimsitheach ar Chaiteachas:

Rinne an Rialtas an Tuarascáil Chuimsitheach ar Chaiteachas 2012-2014 a fhoilsiú i mí na Nollag. Faoin bpróiseas nua, tá Airí agus a gcuid Ranna freagrach go príomha as measúnú a dhéanamh ar gach clár buiséadach a bhfuil siad freagrach as, lena n-áirítear cláir a sholáthraíonn Gníomhaireachtaí Rialtais. Le go mbeidh eolas ann le haghaidh díospóireachta, foilsíodh na doiciméid chúlra go léir ionas gur féidir le daoine a fháil amach cad iad na roghanna atá ann agus cad na sábhálacha gaolmhara a bheidh ann. Tá gealltanas tugtha ag an Rialtas freisin go ndéanfar Athbhreithniú Cuimsitheach eile ar Chaiteachas ó fhómhar na bliana 2013 go dtí earrach na bliana 2014.

An Coimisiún um Cháin agus Leas Sóisialach:

Rinneadh Grúpa Comhairleach um Cháin agus Leas Sóisialach a bhunú i Meitheamh 2011. Iarradh air scrúdú a dhéanamh ar roinnt saincheisteanna sonracha agus moltaí a

dhéanamh maidir leo, lena n-airítear tacaíochtaí do leanaí agus d'ioncam teaghlaigh, tacaíochtaí ioncaim aoise oibre, an t-aonad cuí measúnachta sa chód cánach agus sa chód leasa shóisialaigh, an idirghníomhaíocht idir an cód canach agus an cód leasa shóisialaigh, agus saincheisteanna a bhaineann le hárachas sóisialach do dhaoine féinfhostaithe. Tar éis Bhuiséad 2012, rinneadh téarmaí tagartha an Ghrúpa a leathnú chun scrúdú a dhéanamh, agus tuarascáil a thabhairt, ar na cuspóirí beartais a bhí mar bhuntaca le tograí Bhuiséad 2012 (i) maidir le hathruithe ar na critéir cháilitheachta agus na rátaí íocaíochta i gcás an Liúntais Míchumais agus (ii) maidir leis an méadú ar an tairseach aoise i gcomhair íoc an Liúntais Cúraim Baile.

2. Dul Chun Cinn maidir leis an gClár Rialtais 2011-2012

B. ATHCHÓIRIÚ

Na Príomhphointí

Cúrsaí Bunreachta

- Cinneadh Rialtais chun Coinbhinsiún Bunreachta a bhunú in Earrach na bliana 2012
- Reifreann maidir le fiosrúcháin Oireachtais agus pá breithiúna curtha os comhair an phobail

An Dáil

- Foilsíodh reachtaíocht maidir leis an líon TD-anna a laghdú
- Foilsíodh reachtaíocht maidir le teorainneacha caiteachais toghcháin, maidir le síntiúis pholaitíochta a theorannú agus maidir le cosc éifeachtach a chur ar shíntiúis chorparáideacha
- Foilsíodh reachtaíocht maidir le spreagadh a dhéanamh i leith rannpháirtíocht ban sa pholaitíocht
- Rinneadh méadú 44% ar líon laethanta suí na Dála
- Rinneadh laghdú 36% ar an líon Coistí Oireachtais
- Athchóiriú na Dála maidir leis na nithe seo a leanas: gnó comhaltaí príobháideacha, suíonna ar an Aoine, saincheisteanna topaiciúla a ardú, saincheisteanna práinneacha, ról feabhsaithe don Cheann Comhairle
- Deireadh le gluaisteáin Airí, as a leanann sábháil €4m sa bhliain
- Ról feabhsaithe don Oireachtas curtha i bhfeidhm maidir le grinnscrúdú AE, chomh maith le raitis ón Taoiseach roimh gach Comhairle Eorpach

Rialtas Áitiúil

- Táthar chun údaráis áitiúla a chónascadh i Luimneach agus i dTiobraid Árann, agus breithniú á dhéanamh ar Phort Láirge

- Seoladh fixyourstreet.ie i mBaile Átha Cliath Theas

An Earnáil Phoiblí

- Comhaontaíodh Plean Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí agus tá sé á chur i bhfeidhm go bríomhar
- Cruthaíodh Roinn nua dar teideal an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- Rinneadh athstruchtúrú substaintiúil ar an Roinn Airgeadais agus tugadh saineolaithe isteach
- Rinneadh athchóiriú ar phróiseas na meastachán
- Baineadh amach gnóchain ollmhóra tairgeachta sa tseirbhís phoiblí – laghdú ar an líon fostaithe agus ar chostais
- Rinneadh móraistrithe foirne ó FÁS agus ón tSeirbhís Leasa Pobail isteach sa Roinn Coimirce Sóisialaí
- Rinneadh athchóiriú ar an gCoiste um Cheapacháin Ardleibhéil – Cathaoirleach seachtrach agus tromlach na gcomhaltaí ina gcomhaltaí seachtracha
- Cuireadh teorainn uasta ar phá seirbhíse poiblí
- Laghdaíodh tuarastail Airí
- Tá mór-athchóiriú ar siúl i ndail le pinsin seirbhíse poiblí
- Bunaíodh Comhairle Fhioscach Chomhairleach
- Tá forbairtí suntasacha déanta i réimse na seirbhísí comhroinnte
- Luathaíodh an clár a bhaineann le deireadh a chur le gníomhaireachtaí stáit
- Tá stop curtha leis an gclár díláraithe agus tá deireadh páirteach curtha leis

Gealltanais a Comhlíonadh

Comhthéacs an Athchóirithe

Reifreann maidir le Breithiúnas Mhainistir Leathrátha:

I nDeireadh Fómhair, iarradh ar an bpobal vótáil a dhéanamh i reifreann faoi leasú Airteagal 15 den Bhunreacht, ar leasú é trína dtabharfaí cumhachtaí do Thithe an Oireachtais fiosrúcháin a dhéanamh faoi nithe lena ngabhann tábhacht phoiblí ghinearálta. Diúltaíodh don leasú a bhí beartaithe.

Leasú Bunreachta maidir le pá Breithiúna:

Ar an 27 Deireadh Fómhair ghlac an pobal leis an reifreann trína ligfí do Thithe an Oireachtais an tobhach pinsin céanna agus na laghduithe céanna tuarastail a chur i bhfeidhm ar bhreithiúna atá i bhfeidhm cheana féin maidir le scálaí pá gaolmhara thar an tseirbhís phoiblí. Maidir leis an laghdú ar phá breithiúna a lean as sin, tháinig sé i bhfeidhm an 1 Eanáir 2012.

Reifreann maidir le cearta leanaí:

Tá bailchríoch á cur ar fhoclaíocht bheartaithe d'fhonn reifreann aonair a sheoladh níos déanaí i mbliana. Tá dul chun cinn á dhéanamh freisin maidir le reachtaíocht tacaíochta i ndáil le huchtáil ar reachtaíocht í a bheartaítear a fhoilsiú in éineacht le Bille an Reifrinn.

Coinbhinsiún Bunreachta a bhunú:

Tá an Rialtas tar éis tús a chur le próiseas comhairliúchain le páirtithe an fhreasúra maidir le tograí a bhaineann leis an gCoinbhinsiún Bunreachta atá le bheith ann.

Athchóiriú Polaitiúil

Laghdú a dhéanamh ar líon na TD-anna:

Leis an Acht Toghcháin (Leasú) 2011 rinneadh foráil maidir le hathrú a dhéanamh ar théarmaí tagartha an Choimisiúin um Thoghlaigh ionas go ndéanfaí an líon TD-anna a laghdú go líon idir 153 agus 160. Bunaíodh Coimisiún um Thoghlaigh i mí Iúil 2011 agus cúram air tuarascáil a thabhairt do Chléireach na Dála tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis don Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO) a dtuarascáil deiridh a fhoilsiú faoi thorthaí daonra. Tá an CSO chun na torthaí sin a fhoilsiú i Márta 2012. Beidh gá le reachtaíocht nua ansin chun déileáil le moltaí an Choimisiúin.

Tuarastail Airí a laghdú:

Le linn a gcéad chruinnithe, d'aontaigh an Rialtas na laghduithe seo a leanas a dhéanamh:

- Pá an Taoisigh a laghdú ó €214,187 go €200,000
- Pá an Tánaiste a laghdú ó €197,486 go €184,405
- Pá Airí a laghdú ó €181,283 go €169,275
- Pá Airí Stáit a laghdú ó €139,266 go €130,042.

An líon Coistí a laghdú:

Rinneadh laghdú an-mhór ar an líon Coistí ó 25 go 16 nuair a bunaíodh an córas nua Coistí i mí an Mheithimh.

Ról feabhsaithe don Cheann Comhairle:

Faoi Athchóirithe mhí Iúil 2011 ar Bhuan-Orduithe na Dála, tugadh isteach ról feabhsaithe don Cheann Comhairle le linn cinneadh a dhéanamh i dtaobh ar mhainnigh Aire faisnéis réasúnach a thabhairt mar fhreagra ar cheist.

Déanfaimid athrú iomlán ar an tslí ina n-oibríonn an pholaitíocht agus an Rialtas

Cosaint do sceitheirí:

Le déanaí, d'fhoilsigh an Rialtas dréacht-cheannteidil an Bhille um Nochtadh Cosanta ar mhaithe le Leas an Phobail 2012 lena ndéanfar socrú maidir le creat aonair uileghabhálach chun sceithirí a chosaint ar shlí aonfhoirmeach i ngach earnáil den gheilleagar agus, ag an am céanna, déileáil go cothrom agus go cóir le gach páirtí laistigh de chreat comhtháite dlíthiúil atá oscailte agus trédhearcach.

Teorainneacha caiteachais i ngach toghchán:

Leis an Acht Toghcháin (Leasú) 2011, déantar foráil maidir le laghdú ar an teorainn chaiteachais i dtoghcháin Uachtaráin ó €1.3 milliún go €750,000. Cheadaigh an Rialtas dréachtú Cheannteidil le haghaidh Bille Toghcháin (Leasú) (Caiteachas i Reifrinn agus Foralacha Ilghnéitheacha) 2012 lena ndéanfar socrú maidir le nochtadh caiteachais agus síntiús i reifrinn agus maidir le leathnú na tréimhse a bhaineann leis an teorainn

chaiteachais i dtoghcháin Uachtaráin, i dtoghcháin Dála, i dtoghcháin Eorpacha agus i dtoghcháin áitiúla.

Teorainneacha ar shíntiúis phoiblí:

Leis an mBille Toghcháin (Leasú) (Maoiniú Polaitíochta) 2011, déantar foráil maidir le laghdú ar shíntiúis pholaitíochta ó €6,348 go €2,500 i gcás síntiús a fhaigheann páirtí polaitíochta. I gcás iarrthóirí nó ionadaithe tofa, titfidh an teorainn ó €2,539 g0 €1,000.

Lánchosc ar shíntiúis chorparáideacha:

Leis an mBille Toghcháin (Leasú) (Maoiniú Polaitíochta) 2011, déantar foráil á rá go ndéanfar síntiúis chorparáideacha os cionn €200 a thoirmeasc mura rud é go ndéanfaidh síntiúsóirí clárúchán leis an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí.

Tabharfaimid isteach clár reachtúil brústocairí, agus tabharfaimid isteach rialacha maidir le cleachtadh na brústocaireachta:

Mar chuid den phróiseas a ghabhann leis an reachtaíocht seo a fhorbairt, seoladh comhairliúchán poiblí maidir leis an gcur chuige atá beartaithe chun brústocairí a rialáil. Fuarthas os cionn 50 aighneacht agus tá siad sin á measúnú faoi láthair agus foilseofar go gairid iad.

Coiste um Imscrúduithe, Formhaoirsiú agus Achainíocha a bhunú:

Cuireadh an Coiste seo ar bun nuair a bunaíodh an córas nua Coistí i Meitheamh 2011. I bhFeabhra, aontaíodh cumhacht a thabhairt don Choiste chun iallach a chur ar fhinnéithe a mhéid a bhaineann lena ról formhaoirsithe in éineacht leis an Ombudsman.

Achainíocha Parlaiminteacha:

Bunaíodh an Coiste um Imscrúduithe, Formhaoirsiú agus Achainíocha, aontaíodh paraiméadair agus cuirfidh an Coiste tús leis an bpróiseas glactha achainíocha sna míonna atá díreach romhainn.

Rannpháirtíocht ban i bpáirtithe polaitíochta:

Tá foráil ann sa Bhille Toghcháin (Leasú) (Maoiniú Polaitíochta) 2011 á rá go gcaillfidh páirtí polaitíochta an leathchuid dá mhaoiniúchán Stáit mura rud é gur mná iad 30% ar a laghad, agus gur fir iad 30% ar a laghad, den líon iomlán iarrthóirí atá aige sa chéad olltoghchán eile. Ardófar an céatadán sin go 40% tar éis 7 mbliana.

Ceannaireacht a Thaispeáint

Laghdú a dhéanamh ar an gcostas a ghabhann le hiompar Airí:

Go gairid tar éis dul i mbun oifige d'aontaigh an Rialtas go ndéanfaí athruithe ar na socruithe maidir le soláthar iompair Airí. Lean sábháil €4 muilliún sa bhliain as na hathruithe sin.

Athchóiriú na Dála

Cumhacht a thabhairt do Choistí chun reachtaíocht a thabhairt isteach:

Rinneadh córas ar faoi a d'fhéadfadh Ranna ról a thabhairt do Choistí Oireachtais ag céim luath i bhforbairt reachtaíochta a thabhairt isteach nuair a bunaíodh an córas nua Coistí i mí an Mheithimh. Go dtí seo, rinneadh roinnt Billí a thabhairt os comhair Coistí Oireachtais faoin gcóras seo. I measc na samplaí den tionscnamh seo áirítear an Bille um Thrácht ar Bhóithre, an Bille Caidrimh Thionscail agus an Bille um Dócmhainneacht Phearsanta.

Méadú ar am suí na Dála:

Tá méadú suntasach déanta ar an líon laethanta suí sa Dáil ón tráth a tharla an t-athrú Rialtais, is é sin le rá, laghdú ar fhad shosanna na Dála um Nollaig, um Cháisc, tar éis laethanta saoire bainc agus i rith an tsamhraidh. Bhí 127 lá suí ann sa Dáil sa chéad bhliain de théarma oifige an Rialtais seo i gcomparáid le 88 lá suí sa Dáil an bhliain roimhe sin (sin méadú 44%).

Suíonna Aoine a thabhairt isteach le haghaidh Tuarascálacha ó Choistí agus Gnó Comhaltaí Príobháideacha:

Faoi Athchóirithe mhí Iúil ar Bhuan-Orduithe na Dála, thug an Rialtas isteach socrú ar dá réir a bheidh suí amháin Aoine sa mhí ann do chúlbhinseoirí ó na páirtithe polaitíochta go léir chun gur féidir leo a mBillí féin agus a ndíospóireachtaí féin a thabhairt isteach.

Ról a thabhairt d'ionadaithe poiblí ag céim níos luaithe den phróiseas reachtach:

Tugadh isteach an t-athrú sin. Tá roinnt samplaí ann cheana féin a léiríonn gur úsáid Airí an tionscnamh seo.

Feabhas a chur ar ár gcaidreamh parlaiminteach leis an Eoraip:

Rinneadh an gealltanas chun feabhas a chur ar an gcaidreamh le Parlaimint na hEorpa i gcomhar le Comhaltaí na hÉireann de Pharlaimint na hEorpa, lena n-áirítear Comhaltaí

de Pharlaimintí na hEorpa a bheith i láthair go rialta ag cruinnithe de chuid coistí iomchuí Dala, a thabhairt isteach nuair a bunaíodh an córas nua Coistí i mí an Mheithimh.

Díospóireacht ar shaincheisteanna topaiciúla a thabhairt isteach:

Rinneadh córas Díospóireachtaí ar Shaincheisteanna Topaiciúla a thabhairt isteach faoi Athchóirithe mhí Iúil ar Bhuan-Orduithe na Dála. Tá leibhéal an-ard rannpháirtíochta sa chóras nua ann i measc Airí. Tá an Ceann Comhairle tar éis díospóireachtaí faoi shaincheisteanna náisiúnta agus faoi shaincheisteanna áitiúla araon a cheadú.

A chur faoi deara gur fóintí rialacha na Dála maidir le saincheisteanna práinneacha a ardú:

Rinneadh athchóiriú maidir leis an ábhar seo faoi Achthóirithe mhí Iúil ar Bhuan-Orduithe na Dála. Ní dhéantar iarrataí Bhuan-Ordú 32 a léamh amach a thuilleadh mura rud é go gceadaíonn an Ceann Comhairle iad.

Grinnscrúdú Airgeadais Níos Eifeachtaí

Comhairle Fhioscach Chomhairleach a bhunú:

Bunaíodh an Chomhairle Fhioscach Chomhairleach i Meitheamh 2011 ar bhonn neamhreachtúil. Déanfar reachtaíocht chun an Chomhairle a chur ar bhonn reachtúil agus chun a chinntiú go mbeidh sí neamhspleách a áireamh sa Bhille um Fhreagracht Fhioscach agus tá dréachtú an Bhille sin á luathú de réir an ghealltanais faoin gclár AE/IMF. Tá an Chomhairle Fhioscach Chomhairleach go hiomlán neamhspleách maidir lena cuid oibríochtaí agus tá gealltanas tugtha aici go ndéanfaidh sí trédhearcacht a uasmhéadú.

Anailís ar chostas agus ar thairbhe i gcás tograí boinneagair:

Mar chuid den Chód maidir le Luach ar Airgead, déanfar anailís ar chostas agus ar thairbhe, i gcás gach tionscadail, a chur chuig an Láraonad Meastóireachta Caiteachais lena hathbhreithniú sula ndéanfaidh an t-údarás ceadaithe ceadú a thabhairt i bprionsabal ina leith. Foilseoidh an Láraonad Meastóireachta Caiteachais a n-athbhreithniú ar a láithreán gréasáin.

Beidh sé de cheangal ar chomhlachtaí poiblí páirt a ghlacadh in iomaíocht oscailte le haghaidh acmhainní buiséid trí iarrataí réamhbhuiséid ar chaiteachas a fhoilsiú:

D'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe aighneachtaí réamhbhuiséid gach Roinne ar an láithreán gréasáin. Ina theannta sin, rinneadh sraith páipéar gaolmhar a fhoilsiú freisin inar sainaithníodh bearta eile trína bhféadfaí sábháil a dhéanamh.

Tosaíochtaí Straitéiseacha agus Táscairí Feidhmíochta:

Foilsíodh Leabhar Athbhreithnithe Meastachán 2012 i bhFeabhra 2012 agus, den chéad uair, áirítear ann táscairí feidhmíochta maidir le clár i gcás beagnach gach uile Roinn agus gach uile Oifig. Den chéad uair, ní hamháin go ndéantar caiteachas a mheas de réir an méid atá á chaitheamh ach freisin de réir na nithe atá á soláthar.

Timthriall bliantúil na Meastachán:

Mar chuid den Tuarascáil Chuimsitheach ar Chaiteachas 2012-2014, táthar tar éis timthriall bliantúil na meastachán a thosú ag tráth níos luaithe agus déileálfar leis anois trí phróiseas 'bliain iomlán'. Mar thoradh ar an bpróiseas nua seo is mó an méid rannpháirtíochta a bheidh ag Coistí Oireachtais. Is féidir leis an Rialtas na tuairimí sin a chur san áireamh de réir mar atá leithroinntí na Meastachán á mbreithniú sa chuid eile den bhliain.

An Pharlaimint Náisiúnta agus an tAontas Eorpach

Tabharfaidh an Taoiseach faisnéis don Oireachtas roimh chruinnithe de chuid Chomhairle an AE:

Tá an tionscnamh seo curtha i bhfeidhm agus ceadaítear am anois roimh aon Chruinniú Mullaigh de chuid na Comhairle, agus tar éis cruinnithe den sórt sin, le gur féidir leis an Taoiseach aitheasc a thabhairt don Dáil ina leith.

Cláir chianrochtana a fhorbairt idir scoileanna agus an tOireachtas chun tuiscint níos fearr ar an AE a chothú:

Seoladh an Blue Star Programme i bhFeabhra 2012 agus tabharfaidh sé buneolas faoin AE do na rannpháirtithe (daltaí, múinteoirí, tuismitheoirí agus an pobal i gcoitinne) agus gheofar eolas freisin faoi cad is brí leis an AE agus conas a oibríonn sé.

Doiciméid AE a tharchur chuig an Oireachtas:

Faoi Chonradh Liospóin, déanann an Coimisiún gach doiciméad a chur go huathoibríoch chuig parlaimintí náisiúnta. De bhreis air sin, mar chuid den Acht um Ghrinnscrúdú AE,

soláthraíonn an Roinn iomchuí nóta faisnéise don Oireachtas faoi thograí reachtacha agus faoi thograí suntasacha eile a thagann ón gCoimisiún.

Lá na hEorpa:

Rinneadh suí speisialta den Dáil a chomóradh anuraidh ar an Luan, an 9 Bealtaine. Dhírigh an suí sin ar thuairimí i dtaobh cén sórt Aontais Eorpaigh is ceart a bheith ann faoin mbliain 2020 agus cén ról a bheidh ag Éirinn i dtaca leis sin de. Tá tús curtha ag an Rialtas le hobair ar ghníomhaíochtaí Lá na hEorpa san Oireachtas i bliana agus tá sé d'aidhm againn cur leis na hócáidí a bhí ann anuraidh. Déanfar mionsonraí faoin obair sin a chomhaontú i ndlúthchomhairle leis an Oireachtas.

Ról feabhsaithe don Oireachtas maidir le grinnscrúdú AE:

Le téarmaí tagartha gach Coiste earnála ceanglaítear ar gach Coiste ar leith breithniú a dhéanamh ar nithe a bhaineann leis an AE ar nithe iad a thagann faoi réim chúraimí na Roinne nó na Ranna iomchuí. Tá ról uileghabhálach ag an gCoiste um Ghnóthaí AE maidir le breithniú a dhéanamh ar thosaíochtaí polaitiúla an AE ar an leibhéal straitéiseach agus, ina theannta sin, tabharfaidh sé tuarascáil faoi oibriú foriomlán chóras grinnscrúdaithe an AE.

Forlíonadh a dhéanamh ar an gcóras Coistí trí fhochoistí a bhunú:

Táthar tar éis 19 bhfochoiste a bhunú thar raon leathan ábhar lena n-áirítear airgeadas, athchóiriú an chórais choiriúil agus athchóiriú na Dála.

Oibleagáid a chur ar Aire láithriú os comhair Coistí roimh chruinnithe den Chomhairle:

Tá sé seo i bhfeidhm ó tháinig an tOireachtas le chéile tar éis an Olltoghcháin. Tá an chumhacht seo ag Coistí ina dtéarmaí tagartha agus tá roinnt Airí tar éis laithriú os comhair a gCoistí cheana féin.

Athchóiriú a dhéanamh ar an Rialtas Áitiúil

Atheagrú a dhéanamh ar Struchtúir an Rialachais Áitiúil:

Chinn an Rialtas na húdaráis i Luimneach agus i dTiobraid Árann a chónascadh. Bunaíodh Coiste Rialtais Áitiúil chun breithniú a dhéanamh i dtaobh an féidir Comhairlí Chathair Phort Láirge agus Chontae Phort Láirge a aontú.

Fixyourstreet.ie:

Rinneadh an láithreán gréasáin dar teideal www.fixyourstreet.ie a sheoladh agus tá tionscadal píolótach ar siúl faoi lathair ina leith i limistéar Chomhairle Chontae Bhaile Átha Cliath Theas. Tá sé beartaithe an tseirbhís a leathnú chuig limistéir eile le linn na bliana 2012.

Na feidhmeanna a bhaineann le fiontraíocht áitiúil agus tacaíocht fostaíochta a chónascadh mar aonad aonair gnó agus fiontraíochta laistigh de na hÚdaráis Áitiúla:

Cheadaigh an Rialtas bunú Oifigí Fiontraíochta Áitiúla i ngach Údarás Áitiúil, le tacaíocht ó Fhiontraíocht Éireann, agus feidhmeoidh an t-aonad sin mar 'shiopa ilfheidhme' le haghaidh tacaíochta micrifhiontraíochta.

Athchóiriú na hEarnála Poiblí

Laghdú ar an líon fostaithe sa tSeirbhís Phoiblí:

Sa Phlean maidir le hAthchóiriú na Seirbhíse Poiblí áirítear sprioc chun laghdú 23,500 a dhéanamh idir na blianta 2010 agus 2015. Sroicheadh spriocanna na bliana 2011.

Lárionad Straitéiseach

Laghdú a dhéanamh ar mhéid Roinn an Taoisigh agus í a athrú le gurb ionann í agus Oifig Comh-Aireachta:

Rinneadh líon suntasach daoine den fhoireann a aistriú chuig an Roinn Caiteachais agus Athchóirithe. De bhreis air sin, bunaíodh Rannán nua Gnóthaí AE chomh maith le hOifig an Tánaiste agus Oifig Cláir Rialtais.

Tallann agus scileanna nua a thabhairt isteach sa Roinn Airgeadais:

Tá an Roinn tar éis 35 saineolaí a thabhairt isteach i roinnt réimsí tábhachtacha (eacnamaíocht, baincéireacht agus acmhainní daonna) trí úsáid a bhaint as modhanna éagsúla amhail daoine a fháil ar iasacht ón earnáil phríobháideach agus ón earnáil phoiblí chomh maith le húsáid a bhaint as earcaíocht dhíreach. Tá pleananna ann chun leibhéil scileanna na Roinne a mhéadú tuilleadh sa bhliain 2012.

Rialtas Oscailte

Athchóiriú a dhéanamh ar an gcoiste um cheapacháin ardleibhéil:
Rinneadh téarmaí nua le haghaidh daoine a gceapann an coiste um cheapacháin ardleibhéil iad a fhógairt i mí na Samhna 2011. De bhreis air sin, rinneadh athchóiriú ar

chomhaltas an choiste sin agus is daoine ón earnáil phríobháideach iad an cathaoirleach agus tromlach na gcomhaltaí anois.

Diomailt

Oibríochtaí comhroinnte cúl-oifige a bhunú:

Tá sé sainaitheanta i leith seirbhísí comhroinnte gur gné thábhachtach iad den Phlean maidir le hAthchóiriú na Seirbhíse Poiblí. D'aontaigh an Rialtas cur chuige straitéiseach i ndáil le soláthar seirbhísí comhroinnte; ceapadh Bainisteoir Seirbhísí Comhroinnte san Aonad Athchóirithe agus Soláthair sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Comhlachtaí Stáit:

Faoi dheireadh na bliana 2012, déanfaidh an Rialtas réasúnú, neamhniú nó cónascadh ar 48 nGníomhaireacht atá sainaitheanta chuige sin; agus ainmneoidh sé 46 Chomhlacht eile atá le hathbhreithniú go criticiúil faoi dheireadh Mheitheamh 2012.

An Státseirbhís a Chumhachtú

Soghluaisteacht sa tSeirbhís Phoiblí:

Tá an tSeirbhís Phoiblí Shinsearach bunaithe ag an Rialtas chun bainistíocht lárnach a dhéanamh ar sheirbhísigh phoiblí ardleibhéil agus chun iad a imlonnú.

Feidhmíocht a Bhainistiú:

Tá foirm shimplithe nua maidir le forbairt bainistíochta feidhmíochta curtha i bhfeidhm thar an státseirbhís don timthriall 2012.

2. Dul Chun Cinn maidir leis an gClár Rialtais 2011-2012

C. COTHROIME

Na Príomhphointí

Seirbhísí Sláinte

- Athruithe ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte – bord nua, gaolmhaireacht nua leis an Roinn agus níos mó freagrachta dírí aireachta
- Bunaíodh Aonad Speisialta Soláthair chun déileáil le fadhbanna i ranna éigeandála ospidéil
- Obair a dhéanamh ar reachtaíocht chun cúram Lia-Chleachtóra Ghinearálta a leathnú chuig othair ar an scéim tinnis fadtéarma, is é sin, an chéad chéim de thabhairt isteach rochtana uilechoitinne saor in aisce ar sheirbhísí Lia-Chleachtóra Ghinearálta
- Maoiniúchán breise do sheirbhísí meabhair-shláinte
- Leathnú an chláir vacsaínithe ailse ceirveacs
- Tá comhairliúchán maidir le Straitéis Chúramóirí le tosú go gairid

Seirbhísí Oideachais

- Rinneadh an bhliain réamhscoile saor in aisce a choimeád ar bun
- Tá athchóiriú na sraithe sóisearaí ar siúl
- Tá Tionscadal Mata á chur i bhfeidhm, chomh maith le pointí bónais do mhata ardleibhéil
- Straitéis nua náisiúnta litearthachta agus uimhearthachta
- Leathanbhanda i scoileanna – mar thoradh ar infheistíocht nua déanfar gach scoil dara leibhéal a nascadh le leathanbhanda ardluais faoin mbliain 2014
- Leithroinneadh cistí chun 100,000 áit nua scoile a sholáthar sna cúig bliana atá díreach romhainn

Cruachás Fiachais/Tithíocht/Dlúthpháirtíocht Shóisalta

- Foilsíodh straitéis chuimsitheach chun déileáil le deacrachtaí morgáiste (Tuarascáil Keane) agus tá an straitéis sin á cur i bhfeidhm
- Méadaíodh faoiseamh úis morgáiste do cheannaitheoirí céaduaire sa tréimhse 2004-2008
- Foilsíodh reachtaíocht maidir le dócmhainneacht phearsanta
- Tá scéim phíolótach 'morgáiste go cíos' ar siúl
- Tá dul chun cinn déanta maidir le réiteach na ndeacrachtaí a bhaineann le heastáit neamhchríochnaithe
- Cuireadh 2,000 áitreabh ar fáil trí NAMA i gcomhair tithíochta sóisalta
- Sábháladh €645 milliún trí chosc agus rialú calaoise
- Foilsíodh an chéad straitéis de chuid na hÉireann maidir le fuinneamh inacmhainne

Dlí agus Ceart

- Reachtaíocht nua chun cabhrú leis na Gardaí imscrúdú a dhéanamh ar choireacht bhóna bháin agus sceithirí a chosaint
- Laghdaíodh pá breithiúna tar éis reifreann bunreachta a bheith ann
- Reachtaíocht nua maidir le foréigean baile
- Foilsíodh reachtaíocht maidir le Seirbhísí Dlíthiúla – na hathchóirithe is mó le céad bliain anuas
- Cuireadh feabhas ar an bpróiseas iarratais maidir le saoránacht – tugadh isteach searmanais nua saoránachta
- Foilsíodh tograí maidir le straitéis náisiúnta nua ar andúil

Gealltanais a Comhlíonadh

Athchóiriú na Seirbhíse Sláinte

Árachas Sláinte Uilechoiteann a thabhairt isteach (UHI):

Tá an Rialtas tar éis Grúpa um Chur i bhFeidhm UHI agus Grúpa um Chúram Príomha Uilechoiteann a bhunú chun ról lárnach a bheith acu maidir le tabhairt isteach UHI.

Cothromú fiontar sa mhargadh árachais:

Sa bhliain 2011, d'aontaigh an Rialtas an Scéim eatramhach um Chothromú Fiontar a leathnú go ceann bliana eile, fad a bheifear ag fanacht ar scéim bhuan sa bhliain 2013. Tá sé seo á dhéanamh chun rátáil phobail a chosaint agus is cabhair é maidir le hárachas a bheith níos saoire do dhaoine scothaosta. Tá tograí ceadaithe ag an Rialtas maidir le Scéim bhuan Cothromaithe Fiontar le héifeacht ón mbliain 2013.

Aonad Speisialta Soláthair:

Tháinig Aonad Speisialta Soláthair (SDU) i ngníomh i Meán Fómhair 2011 agus é dírithe ar laghdú a dhéanamh ar an líon ard daoine a bhíonn ag fanacht ar thralaithe i Ranna Éigeandála agus ar am feithimh uasta 12 mhí a thabhairt isteach le haghaidh cúraim sceidealta.

Glacadh le freagracht as beartas sláinte:

Tá roinnt beart suntasach déanta chun a chinntiú gur faoin Aire amháin atá an fhreagracht as beartas sláinte agus as cur i bhfeidhm an chláir uaillmhianaigh a bhaineann le hathchóiriú agus le rialú costas. Seo a leanas roinnt samplaí: gaolmhaireacht nua a chur ar bun le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte; bord eatramhach a chruthú a bheidh ag idirghníomhú go díreach leis an Aire; agus glacadh le freagracht as Ceisteanna Parlaiminteacha faoi oibríochtaí náisiúnta.

Le himeacht aimsire, scoirfidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte de bheith ar marthain:

D'aontaigh an Rialtas struchtúr nua rialachais a thabhairt isteach d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte don bhliain 2012 agus sin a dhéanamh mar chéad chéim sa phróiseas ar dá thoradh a scoirfidh an Fheidhmeannacht de bheith ar marthain.

Cúram Príomha

Déanfar Cúram Príomha Uilechoiteann a thabhairt isteach ina chéimeanna ionas gur féidir dochtúirí, altraí agus gairmithe cúraim phríomha breise a earcú:

Déanfar an tAcht Sláinte (Soláthar Seirbhísí Lia-Chleachtóirí Ginearálta) 2012 a thabhairt i bhfeidhm i Márta. Dá bharr sin, beidh raon níos leithne lia-chleachtóirí cláraithe in ann seirbhísí liachta a sholáthar do dhaoine cáilithe faoin Scéim um Sheirbhísí Liachta Ginearálta. Sa bhliain 2011, rinneamar taighdeoirí a choimisiúnú chun forbairt a dhéanamh ar mhúnla idirghníomhach óna bhaighfí eolas le linn pleanáil fórsa saothair le haghaidh Cúraim Phríomha Uilechoitinn agus tá an múnla sin ar fáil anois.

Cúram Lia-Chleachtóra Ghinearálta saor in aisce:

Mar chuid de thabhairt isteach céimnithe cúraim Lia-Chleachtóra Ghinearálta saor in aisce, tá obair ullmhúcháin á déanamh ag an Roinn maidir le tabhairt isteach reachtaíochta nua a bheidh mar bhuntaca le leathnú seirbhísí Lia-Chleachtóra saor in aisce chuig othair ar a bhfuil tinnis áirithe fadtéarma. Tá gealltanas tugtha maidir le maoiniú chun an tionscnamh seo a chur i bhfeidhm.

Seirbhísí Lia-Chleachtóirí Ginearálta:

Achtaíodh an Bille Sláinte (Soláthar Seirbhísí Lia-Chleachtóirí Ginearálta) 2011. Dá bharr sin, beidh raon níos leithne lia-chleachtóirí cláraithe in ann seirbhísí liachta a sholáthar do dhaoine cáilithe faoin Scéim um Sheirbhísí Liachta Ginearálta.

Meabhair-Shláinte:

Rinneadh €35 milliún breise le haghaidh seirbhísí Meabhair-Shláinte i mBuiséad 2012. Mar thoradh ar an maoiniúchán sin, cumasófar d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte feabhas a chur ar chomhdhéanamh ildisciplín foirne láithreacha meabhair-shláinte pobail agus díriú ar phríomhthosaíochtaí meabhair-shláinte, lena n-áirítear cur i bhfeidhm *Reach Out*.

Cúram Ospidéil Uilechoiteann

Páipéar Bán ar Árachas Sláinte Uilechoiteann:

Is é atá sa chúram a tugadh don Ghrúpa um Fheidhmiú Árachais Sláinte Uilechoitinn ná cúnamh a thabhairt don Roinn maidir le dréachtú Páipéir Bháin faoi dheireadh na bliana 2012.

Ospidéil

Iontaobhais agus gréasáin ospidéal:

D'fhógair an tAire bunú dhá ghrúpa ospidéil in Iarthar na hÉireann, agus iad bainteach le hospidéil Luimnigh agus le hospidéil na Gaillimhe. Tá sé beartaithe grúpaí ospidéil fhorbairt sa chuid eile den tír sa bhliain 2012.

Ospidéil a chomhshuí:

Chuaigh na comhaontuithe láithreacha maidir le tionscadail in éag ar an 31 Márta 2011. Ní dhéanfar aon chomhaontuithe nua.

Dreasachtaí cánach d'fhorbairt ospidéal príobháideach:

Tá deireadh curtha leis na dreasachtaí cánach i ndáil le forbairt ospidéal príobháideach.

Cúram do Dhaoine Scothaosta agus Cúram Pobail

Infheistíocht i gcúram do dhaoine scothaosta:

Tá gealltanas tugtha i bPlean Seirbhíse Náisiúnta Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i ndáil le caiteachas breise trí *Fair Deal*, agus is ionann an gealltanas sin agus 1,200 leaba bhreise. Tá athbhreithniú á dhéanamh ar an gcóras *Fair Deal*.

Forbairtí Caipitiúla i réimse na Sláinte

Aonad Fiobróise Cistí:

Is é Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann an Lárionad Náisiúnta Atreorúcháin Aosach atá ainmnithe le haghaidh othar ar a bhfuil Fiobróis Chisteach. Tá an t-aonad nua 100 leaba in Ospidéal Naomh Uinseann ceaptha chun foirgneamh cliniciúil den scoth a sholáthar ar foirgneamh é ina mbeidh saoráidí leithlise cothrom le dáta agus ina mbeidh cóiríocht do dhaoine ar a bhfuil fiobróis chisteach agus do dhaoine eile a bhfuil saoráidí den sórt sin ag teastáil uathu. Tá an t-aonad nua le hoscailt i Meitheamh 2012.

Meabhair-Shláinte

Seirbhísí meabhair-shláinte:

Déanfar €35 milliún breise a infheistiú i seirbhísí meabhair-shláinte chun tacaíocht a thabhairt maidir le *A Vision for Change* a chur i bhfeidhm tuilleadh. Díreofar an maoiniú sin ar fheabhsú ár gcuid foirne pobail i réimsí leanaí, ógánach agus aosach, chomh maith

le cosc féinmharaithe agus seirbhísí comhairle. Déanfar tuairim is 400 duine breise chun tacú leis an tionscnamh seo.

Úsáidfear €5 mhilliún den bhuiséad sin chun forbairt náisiúnta an Tionscadail Comhairleoireachta Cúraim Phríomha a bheidh á bhainistiú ag an tSeirbhís Náisiúnta Comhairleoireachta.

Tosaíochtaí eile i Réimse na Sláinte

Vacsaíniú Ailse Ceirbheacs:

Rinneadh an clár vacsaínithe ailse ceirbheacs a leathnú le héifeacht ó Mheán Fómhair 2011. Seoladh an clár 'breith suas' i scoileanna na tíre ionas go mbeadh gach cailín sa 6ú bliain agus san 1ú bliain in ann leas a bhaint as an vacsaín.

An Straitéis Náisiúnta maidir le Cúramóirí:

Tá dréachtstraitéis maidir le cúramóirí críochnaithe d'fhonn comhairliúchán a eagrú go gairid le hionadaithe cúramóirí.

Íospartaigh Tailídimíde:

Bhuail an tAire Sláinte le Cumann Tailídimíde na hÉireann agus le Cumann Marthanóirí Tailídimíde na hÉireann sa bhliain 2011 agus leanfar den teagmháil sin le linn pléití thar an mbliain atá díreach romhainn.

Bitheitic

Grúpa Saineolaithe chun scrúdú a dhéanamh ar bhreithiúnas A, B agus C –v- Éire:

Chuir an Rialtas Tuarascáil Ghníomhaíochta faoi bhráid Choiste Airí na Comhairle Eorpaí ar an 13 Eanáir 2012 i ndáil le breithiúnas A, B agus C –v- Éire ón gCúirt Eorpach um Chearta an Duine. Cuirtear in iúl sa Tuarascáil Ghníomhaíochta gur bunaíodh Grúpa Saineolaithe agus tabharfaidh an grúpa sin tuarascáil don Rialtas laistigh de shé mhí ar tuarascáil í ina mbeidh roghanna i dtaobh conas breithiúnas na gCúirteanna Eorpacha a chur i bhfeidhm.

Luathóige agus Oideachas

Bliain réamhscoile saor in aisce do Chúram Luathóige:
Rinneadh an bhliain réamhscoile saor in aisce uilechoiteann a choimeád ar bun agus méadaíodh an maoiniú don bhliain 2012 chun freastal ar athruithe déimeagrafaíochta mar gheall ar rátaí méadaithe breithe ó bhí an bhliain 2007 ann.

Torthaí a Fheabhsú

Athbhreithniú ar an Teastas Sóisearach agus ar an Ardteistiméireacht:

Tá obair ar siúl chun athchóiriú a dhéanamh ar an tSraith Shóisearach i scoileanna dara leibhéal agus tosóidh na hathruithe sa bhliain 2014. Tríd an athchóiriú, tabharfar aghaidh ar na saincheisteanna a bhaineann le curaclam iomarcach agus foghlaim de ghlanmheabhair, déanfar cruthaitheacht mhéadaithe agus nuálaíocht a chur chun cinn agus tabharfar tacaíocht maidir le forbairt scileanna tábhachtacha lena n-áirítear litearthacht agus uimhearthacht.

Athchóiriú a dhéanamh ar mhúineadh Matamaitice agus Eolaíochta ag an dara leibhéal:

Tá forbairt Tionscadail Mata ar siúl. Déanfar é seo a chur i bhfeidhm go hiomlán sa tSraith Shóisearach faoin mbliain 2015 agus sa tSraith Shinsearach faoin mbliain 2014.

Litearthacht mar Aidhm Náisiúnta

An Straitéis Náisiúnta maidir le Litearthacht:

Tá tús curtha le sraith athchóirithe. Áirítear an méid seo a leanas i measc na n-athchóirithe sin: fadú na gcúrsaí tosaigh oideachais múinteora; tuilleadh ama le haghaidh litearthachta agus uimhearthachta i scoileanna; agus, mar chuid den Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta, leathnú suntasach ar úsáid measúnachta agus tástála i ndáil le léamh agus matamaitic.

Scoileanna 21ú hAois

ICT i scoileanna

Déanfar soláthar náisiúnta leathanbhanda ardluais (100 Mbps) i scoileanna dara leibhéal a chur i gcrích thar thrí chéim, is é sin, beidh leathanbhanda ar fáil i 250 scoil faoi Mheán Fómhair 2012, beidh leathanbhanda ar fáil i 200 scoil eile an bhliain seo chugainn agus beidh leathanbhanda ar fáil sa 200 scoil atá fágtha sa bhliain 2014.

Scoileanna a Thógáil don Todhchaí

Tionscadail Tógála Scoile:

Gheall an Rialtas os cionn €2 billiún le haghaidh bonneagair oideachais mar chuid den Straitéis Mheántéarma maidir le hInfheistíocht Bhonneagair agus Chaipitil. Tríd an

infheistíocht sin soláthrófar 100,000 áit scoile thar na cúig bliana atá díreach romhainn. Beidh 56 mhórthionscadal ag céim na tógála sa bhliain 2012:

- 26 scoil nua ag an leibhéal bunscoile
- 12 mhórthionscadal méadúcháin ag an leibhéal bunscoile
- 9 scoil nua ag an dara leibhéal
- 9 mórthionscadal méadúcháin ag an dara leibhéal

Foirgnimh réamhdhéanta scoile a chéimniú amach:

Déanfaidh an Rialtas €35 milliún a infheistiú sa bhliain 2012 chun gur féidir le scoileanna seomraí ranga buana a chur in ionad foirgneamh réamhdhéanta. Tríd an infheistíocht sin beidh an tríú cuid de na scoileanna go léir ag a bhfuil foirgnimh réamhdhéanta in ann obair den sórt sin a chríochnú agus laghdófar an bille cíosa de €5 mhilliún sa bhliain.

Pátrúnacht

Pátrúnacht agus iolrachas i scoileanna:

Sheolamar an Fóram ar Phátrúnacht agus ar Iolrachas san Earnáil Bhunscoile i mí Aibreáin 2011. Tá teagmháil shuntasach déanta ag an bhFóram leis an bpobal agus le geallsealbhóirí ar mhodh aighneachtaí i scríbhinn agus seisiún poiblí. Tá cur chuige nua beartais i bhfeidhm rud as a leanfaidh cinntí maidir le pátrúnacht bunscoileanna nua agus scoileanna nua dara leibhéal.

Córas iolraíoch maidir le pátrúnacht ag an dara leibhéal:

Táthar tar éis aitheantas foirmiúil mar phátrún scoile dara leibhéal a thabhairt do *Educate Together* ar pátrún é ar 60 bunscoil il-sainchreidmheach.

Athchóiriú Tríú Leibhéal

Ollscoil Theicniúil Ilchampais san Oirdheisceart:
Tá na critéir maidir le bunú Ollscoileanna Teicniúla ilchampais foilsithe ag an Údarás um Ard-Oideachas.

Údaráis láithreacha creidiúnúcháin a chumasc:
Foilsíodh an Bille um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) 2011 agus tugadh isteach sa Seanad é.

Foghlaim ar feadh an tSaoil

Roghanna Oiliúna a Leathnú:

Tá os cionn 450,000 áit oideachais agus oiliúna á soláthar sa bhliain 2012. Tá €20 milliún á sholáthar faoin gCiste Náisiúnta Oiliúna i gcomhair Ciste nua Oideachais agus Oiliúna Margaidh Saothair. Beidh an ciste sin dírithe go sonrach ar dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach agus soláthrófar suas go 6,500 áit dá bharr sa bhliain 2012.

Eisíodh iarraidh ar thairiscintí maidir le leathnú an tionscnaimh *Springboard* chun méadú a dhéanamh ar dheiseanna ardoideachais pháirtaimseartha do dhaoine dífhostaithe. Tá próiseas nua comórtais tairisceana ar siúl le haghaidh *Springboard*.

Tithíocht agus Morgáistí Tochsail

Méadú ar fhaoiseamh úis morgáiste go 30% do Cheannaitheoirí Céaduaire sa tréimhse 2004-08:

Rinneadh an gealltanas maidir le méadú ar an bhfaoiseamh do cheannaitheoirí céaduaire a cheannaigh sa tréimhse 2004-2008 a chomhlíonadh i mBuiséad 2012.

Tá an Rialtas seo tiomanta i leith cabhrú le húineirí tí a bhfuil deacrachtaí acu teacht tríd an gcúlú eacnamaíochta agus i leith a chinntiú go bhfuil beartas inchothaithe tithíochta ag Éirinn.

Foilsíodh Creat le haghaidh Beartais Tithíochta a fhoilsiú i Meitheamh 2011. Is é a bheidh sa chuspóir foriomlán straitéiseach ná a chumasú do gach teaghlach rochtain a fháil ar thithíocht dea-cháilíochta atá oiriúnach do chúinsí an teaghlaigh agus atá suite sa phobal a roghnaíonn siad. Rinneadh tuarascáil an Ghrúpa Idir-Rannaigh ar Riaráistí Morgáiste (Tuarascáil Keane) a fhoilsiú i mí Dheireadh Fómhair 2011.

De réir moltaí atá ann sa Tuarascáil, chuir an Rialtas creat i bhfeidhm chun fadhb na riaráistí morgáiste a réiteach. Is é atá sa chreat ná Grúpa Stiúrtha a bhfuil Ceann an Rannáin mar chathaoirleach air agus ionadaithe air ó leibhéal sinsearach sna Ranna iomchuí eile agus ón mBanc Ceannais.

Táthar ag díriú ar na hábhair ar leithligh seo a leanas: athchóiriú an dlí a bhaineann le dócmhainneacht phearsanta, aistriú ó mhorgáiste go cíos, feidhmeanna comhairleacha morgáiste agus teagmháil leis na bainc i ndáil le forbairt agus cur i bhfeidhm a gcuid Straiteisí Réitithe Riaráistí Morgáiste (MARS). Tuairiscíonn na grúpaí oibre sin don Ghrúpa Stiúrtha.

Tá dul chun cinn suntasach bainte amach sna réimsí seo a leanas:

- foilsíodh Scéim Ghinearálta le haghaidh Bille Dócmhainneachta Pearsanta, lena n-áirítear togra maidir le Socrú i gcomhair Dócmhainneachta Pearsanta chun aghaidh a thabhairt ar an tslí ina ndéileálfar le fiachas urraithe neamh-inchothaithe i gcreat neamhbhreithiúnach;

- tá dul chun cinn déanta ar obair le banc agus le cumann tithíochta sóisialta chun scéim phíolótach 'morgáiste go cíos' a chur i bhfeidhm chun praiticiúlacht tionscnaimh den sórt sin a thástáil;

- Tá straitéisí réitithe riaráistí morgáiste agus pleananna cur i bhfeidhm le haghaidh iasachtóirí morgáistí faighte ag an mBanc Ceannais agus déanfar na nithe sin a bhreithniú agus a scrúdú tuilleadh;

- tá obair ar siúl ar na bearta is gá chun an fheidhm chomhairleach morgáiste a sholáthar.

Forlíonadh Úis Morgaiste:

Mar chuid de Bhuiséad 2012, rinneadh an ranníoc íosta chun críocha an Fhorlíonta Úis Morgáiste a mhéadú de €6 go dtí €30 sa tseachtain do dhuine singil le héifeacht ón 1 Eanáir 2012. Is é atá sa ranníoc íosta is iníoctha ag lánúineacha ná €35 sa tseachtain. Déanfar tarscaoileadh ón Muirear nua Teaghlaigh €100 a dheonú do dhaoine a bhfuil an Forlíonadh Úis Morgaiste á fháil acu.

Scáileastáit:

Rinneadh an Coiste Náisiúnta Comhordúcháin um Fhorbairtí Neamhchríochnaithe Tithíochta a bhunú i mí an Mheithimh chun saincheist na n-eastát neamhchríochnaithe a réiteach agus tá ionadaithe air ó chónaitheoirí, ón Roinn, ó údaráis áitiúla, ó fhorbróirí, ó bhaincéirí agus ón nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (NAMA).

Tithíocht Shóisialta

Scéim ceannaigh chéimnithe chun méadú a dhéanamh ar an stoc tithíochta sóisialta:

Ina theannta sin tá comhaontú déanta le NAMA chun 2,000 áitreabh a chur ar fáil chun críche tithíochta sóisialta trí shocruithe léasúcháin le húdaráis áitiúla agus le cumainn tithíochta. Tá obair ar siúl le húdaráis aitiúla chun an oiread agus is féidir de na háitribh sin a sholáthar do theaghlaigh a bhfuil ga acu leo.

Daoine Gan Dídean

Ag dul i ngleic le fadhb na ndaoine gan dídean:

I mí na Samhna 2011, fógraíodh cur chuige 'leanann an t-airgead an cliant' i gcomhair seirbhísí a sholáthar do dhaoine atá gan dídean. Ligfidh an cur chuige sin do sholáthraithe seirbhíse díriú ar chóiríocht neamhspleách do dhaoine agus do theaghlaigh gan dídean a sholáthar, rud as a leanfaidh athrú ón staid ina mbítear ag brath go mór ar chóiríocht éigeandála i mbrúnna agus in B&B-anna príobháideacha.

Tá prótacal i bhfeidhm i gcomhar le Comhairle Chathair Bhaile Átha Cliath chun seirbhísí spriocdhírithe do dhaoine gan dídean i mór-réigiún Bhaile Átha Cliath áit a bhfuil an líon is mó daoine gan dídean ann. Déanfar an cur chuige seo a leathnú ar fud na tíre de reir a chéile.

Tithíocht

Rialú dóthanach a dhéanamh ar na rioscaí a ghabhann le hiasachtú morgáiste:

Leagadh cumhachtaí feabhsaithe amach i mBille an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus Forfheidhmiú) 2011 chun ligean don Bhanc Ceannais maoirseacht a dhéanamh ar institiúidí creidmheasa agus chun beart forfheidhmiúcháin a dhéanamh.

Dlí agus Ceart agus Athchóiriú an Dlí

Coireacht Bhóna Bháin:

Leis an Acht um Cheartas Coiriúil 2011, cuirtear i bhfeidhm athchóiriú an-tábhachtach chun rochtain a éascú don Gharda Síochána ar fhaisnéis riachtanach, ar dhoiciméid riachtanacha agus ar fhaisnéis atá á sealbhú go leictreonach chun chabhair a thabhairt maidir le coireacht bhóna bháin a imscrúdú. Is cion coiriúil é freisin faoin Acht mainneachtain faisnéis a thabhairt don Gharda Síochána ar faisnéis í a d'fhéadfadh coireacht bhóna bháin a chosc nó a d'fhéadfadh cabhrú leis na Gardaí maidir le himscrúdú faoi choireacht bhóna bháin. Ina theannta sin, déantar bearta nua tábhachtacha a thabhairt isteach leis chun sceithirí a chosaint. Tugann an tAcht cúnamh thar a bheith tábhachtach do na Gardaí le linn dóibh imscrúduithe reatha a chríochnú chomh maith le cúnamh a sholáthar dóibh maidir le himscrúduithe a bheidh á ndéanamh acu amach anseo. Rinneadh an tAcht a úsáid go rathúil sna cúirteanna den chéad uair i Meán Fómhair 2011.

Athchóiriú an Dlí Choiriúil

Ciorrú Ball Giniúna Baineann:

Tá an Bille um Cheartas Coiriúil (Ciorrú Ball Giniúna Baineann) 2011 ag Céim an Choiste san Oireachtas faoi láthair.

Pianbhreitheanna agus Athchóiriú an Chórais Phionósaigh

Orduithe Seirbhíse Pobail agus an tAcht Fíneálacha 2010:

Tá gealltanas tugtha ag an Rialtas maidir leis an Acht Fíneálacha a chur i bhfeidhm go hiomlán. Leithroinneadh cistí don tSeirbhís Chúirteanna i mbliana chun soláthar an chórais IT atá riachtanach maidir le cur i bhfeidhm iomlán an Achta Fíneálacha 2010 a éascú agus, go háirithe, chun íoc fíneálacha ina dtráthchodanna agus trí orduithe astaithe tuillimh a éascú.

Rinneadh an tAcht um Cheartas Coiriúil (Seirbhís Pobail) (Leasú) 2011 a achtú i mí Lúnasa 2011. Forchuireann sé oibleagáid ar na cúirteanna, le linn dóibh breithniú a dhéanamh i dtaobh pianbhreith 12 mhí nó níos lú a fhorchur, breithniú a dhéanamh ar dtús i dtaobh a cheangal ar an gciontóir seirbhís pobail a dhéanamh. Mar thoradh ar an Acht, tháinig méadú ar líon na nOrduithe Seirbhíse Pobail a rinneadh sa ráithe dheireanach den bhliain 2011.

Athbhreithniú ar Halla Thornton:

Bunaíodh Grúpa Athbhreithnithe Halla Thornton i mí Aibreáin 2011 agus, i mí Iúil, ghlac an Rialtas i bprionsabal le moltaí an Ghrúpa. Mar gheall ar an imchlúdach laghdaithe caipitil i mbliana, ní bheidh an tSeirbhís Príosún in ann leanúint ar aghaidh le tógáil Phríosúin Halla Thornton ná Chill Uird sa bhliain 2012. Tá sé beartaithe ag an Rialtas féachaint athuair, i gceann 12 mhí, ar chur i bhfeidhm mholtaí Thuarascáil Halla Thornton agus tá sé an-tiomanta fós maidir le déileáil leis na fadhbanna gaolmhara arb é atá iontu ná plódú agus dálaí laga fisiciúla laistigh den eastát príosún. Tá breithniú á dhéanamh freisin maidir le príosún ionaid a thógáil i gCorcaigh mar chuid de straitéis fhoriomlán chun plódú a laghdú.

Drugaí

An Straitéis Náisiúnta maidir le hAndúil:

Bunaíodh Grúpa Stiúrtha na Straitéise Náisiúnta um Mí-Úsáid Substaintí chun gníomhaíochtaí a shainaithint a d'fhéadfaí a úsáid chun déileáil leis an díobháil a dhéantar mar gheall ar úsáid agus ar mhí-úsáid alcóil. Sheol an Grúpa a dTuarascáil ar an

7 Feabhra 2012 agus tá sé beartaithe go ndéanfar Plean Gníomhaíochta maidir le cur i bhfeidhm a chuid moltaí a thíolacadh don Rialtas i mbliana. Is é an Plean Gníomhaíochta sin, in éineacht leis an Straitéis Náisiúnta maidir le Drugaí, a chomhdhéanfaidh an Straitéis Náisiúnta fhoriomlán maidir le Mí-Úsáid Substaintí agus táthar ag súil go dtabharfar an straitéis sin chun críche i Samhradh na bliana 2012.

Seirbhísí athshlánúcháin:

De ghnáth, is féidir le cliaint rochtain a fháil ar sholáthar meatadóin laistigh de mhí amháin ón tráth measúnaithe i mBaile Átha Cliath agus táimid ag díriú go mór anois ar infhaighteacht seirbhísí lasmuigh de Bhaile Átha Cliath a mhéadú. Tá líon méadaithe saoráidí díthocsainiúcháin ar fáil freisin anois i roinnt suíomh.

Tá mórleathnú á dhéanamh maidir le seirbhísí malartaithe snáthaidí a sholáthar do níos mó ná 60 cógaslann phobail i suímh éagsúla lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.

Rinneadh mórleathnú freisin ar sholáthar seirbhísí malartaithe snáthaidí i dtuairim is 65 chógaslann phobail i suímh éagsúla lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.

Chlár na Cúirte Cóireála Drugaí:

Rinneadh leathnú suntasach ar limistéar feidhme na Cúirte Cóireála Drugaí le héifeacht ó Iúil 2011. Cuireadh tús le hathbhreithniú ar an gcúirt go luath sa bhliain 2012 d'fhonn é a chríochnú faoiu Ráithe 3, 2012.

Athchóiriú an Dlí, na Cúirteanna agus an Bhreithiúnacht

Úsáid na hidirghabhála a spreagadh agus a éascú:

Rinneadh scéim ghinearálta an Bhille um Idirghabháil 2012 a fhoilsiú ar an 1 Márta. Is é is cuspóir don Bhille ná idirghabháil a chur chun cinn mar mhalairt ar imeachtaí cúirte agus, sa tslí sin, laghdú a dhéanamh ar chostais dlí, luathú a dhéanamh ar réiteach díospóidí agus laghdú a dhéanamh ar an strus a bhaineann le rannpháirtíocht in imeachtaí cúirte.

Sásra forfheidhmiúcháin le haghaidh orduithe cothabhála Cúirte Dúiche:

Leis an Acht um an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2011, cuirtear athchóirithe i bhfeidhm thar raon leathan réimsí lena n-áirítear forfheidhmiú orduithe cothabhála Cúirte Dúiche.

Reachtaíocht maidir le foréigean baile:

Rinneadh an tAcht um Fhoréigean Baile (1996) a leasú i mí Iúil leis an Acht um an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2011. Leagtar síos leis an leasú go bhféadfaidh tuismitheoir iarratas a dhéanamh anois ar ordú sábháilteachta i gcoinne thuismitheoir eile a linbh fiú amháin i gcás nach bhfuil na tuismitheoirí ag maireachtáil i bhfochair a chéile agus i gcás ina bhféadfadh sé nár mhair siad i bhfochair a chéile riamh. Cinntíonn sé sin go bhfuil cosaint iomlán an dlí ar fáil i gcás ina bhfuil rochtain ar leanbh ina cúis le himeagla, nó le foréigean fiú amháin, idir tuismitheoirí díospóideacha. Déanfar comhdhlúthú ar an Acht agus breithniú i dtaobh athchóirithe breise nuair a fhoilseofar tuarascáil ón gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí faoin ábhar seo.

Rialáil seirbhísí slí:

Tá an Bille um Rialáil Seirbhísí Dlí 2011, lena dtugtar éifeacht do ghealltanais thábhachtacha maidir le hathchóiriú struchtúrach na hearnála dlí, ar a bhealach tríd an bpróiseas reachtach agus is ceart go mbeidh an próiseas achtúcháin críochnaithe le linn na bliana 2012. De réir mar a shamhlaítear sa Chlár Rialtais, beidh costais dhlíthiúla níos trédhearcaí dá bharr sin.

Pasanna, Saoránacht, Inimirce agus Tearmann

Próiseáil éifeachtúil iarratas ar shaoránacht:

Cuireadh córais fheabhsaithe i bhfeidhm chun go mbeifear in ann próiseáil iarratas a dhéanamh ar bhealach níos éifeachtúla. Tá laghdú suntasach déanta ar na riaráistí a bhí ann i Márta na bliana 2010 agus tá iarrachtaí á ndéanamh chun tuilleadh feabhais a chur ar amanna feithimh agus chun go mbeidh an córas níos éifeachtúla. Cuireadh foráil reachtúil maidir leis na searmanais nua saoránachta san áireamh san Acht um an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2011. Go dtí seo, seoladh 43 Shearmanas Saoránachta.

Comhionannas agus Coimirce Shóisialach

Rátaí leasa shóisialaigh:

Rinneadh na rátaí príomha seachtainiúla íocaíochta leasa shóisialaigh a chosaint i mBuiséad 2012. Fágadh an pinsean stáit, an liúntas cúramóra, an pinsean dall, an pinsean baintrí agus baintrí fir, an sochar agus an liúntas cuardaitheora poist etc gan athrú.

Bochtaine bhreosla:

I mí na Samhna 2011, d'fhoilsigh an Rialtas an chéad Straitéis de chuid na hÉireann maidir le Fuinneamh Inacmhainne ar straitéis í arb é is aidhm di a chur faoi deara go mbeidh fuinneamh níos inacmhainne do theaghlaigh íseal-ioncaim in Éirinn.

Deireadh a chur le gaistí bochtaine

Liúntas Cuardaitheora Poist:

Tá an Rialtas tar éis tús a chur le cur i bhfeidhm a bheartais maidir le 'cearta agus freagrachtaí' trí rátaí laghdaithe a thabhairt dóibh sin nach ngabhann do ghníomhachtú poist ó mhí Aibreáin 2011 ar aghaidh. Go dtí seo, tá laghdú déanta ar íocaíochtaí i gcás níos mó ná 500 duine. Is é atá sa ghnáthlaghdú i gcás duine shingil a fhaigheann an ráta caighdeánach €188 sa tseachtain ná laghdú go €144 sa tseachtain.

Cur Chuige ar dá réir nach nglactar le haon Chalaois Leasa Shóisialaigh

Calaois:

D'fhógair an Rialtas Tionscnamh nua maidir le Calaois agus é dírithe ar raon gníomhaíochtaí a chur i bhfeidhm chun calaois agus drochúsáid an chórais leasa shóisialaigh a chomhrac. Rinneadh sábháil €645 milliún a bhaint amach sa bhliain 2011 de bharr scéimeanna de chuid na Roinne Coimirce Sóisialaí trína gcuirtear cosc le calaois agus trína ndéantar bearta rialaithe a chur i bhfeidhm. D'athbhreithnigh oifigigh de chuid na Roinne Coimirce Sóisialaí thart ar 982,000 éileamh ar leithligh ar íocaíochtaí leasa shóisialaigh.

Luach Níos Fearr a fháil ar Airgead

Foireann a aistriú:

Ón 1 Deireadh Fómhair 2011, rinneadh an tSeirbhís Leasa Pobail agus na hOifigigh Leasa Pobail a sholáthraíonn an tseirbhís sin a aistriú go foirmiúil chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí. Táthar tar éis córas achomharc na Seirbhíse Leasa Pobail a chomhtháthú leis an Oifig Achomharc Leasa Shóisialaigh chun próiseas comhdhlúite achomharc a thabhairt isteach. Chuaigh deichniúr Oifigeach Achomhairc de chuid na Seirbhíse Achomharc Pobail isteach san Oifig Achomharc Leasa Shóisialaigh, rud a fhágann gurb é atá sa líon iomlán daoine atá ag fónamh mar Oifigigh Achomhairc anois ná 39. Beidh soláthar foirne breise á bhreithniú ar bhonn leanúnach.

Daoine faoi Mhíchumas

Acmhainní míchumais:

Rinneadh €1 mhilliún a leithroinnt mar mhaoiniú breise chun aghaidh a thabhairt i mbliana ar riachtanais leanaí ar a bhfuil uathachas, agus leithroinnfear €1 mhilliún eile gach bliain sa chéad dá bhliain eile - €3 mhilliún san iomlán. Úsáidfear an maoiniú sin chun aghaidh a thabhairt ar amanna feithimh i gcás sainseirbhísí teiripe do leanaí a bhfuil fáthmheas uathachais tugtha maidir leo agus chun Foirne Luath-Idirghabhála a fhorbairt.

Tá Athbhreithniú Luach ar Airgead le bheith réidh sa chéad leath den bhliain 2012 agus déanfar an Tuarascáil ón nGrúpa Saineolaithe Tagartha ar Bheartas Míchumais a chur ar fáil lena ceadú ag an Aire agus ag an Rialtas laistigh den amscála céanna.

2. Dul Chun Cinn maidir leis an gClár Rialtais 2011-2012

D. DUL CHUN CINN

Na Príomhphointí

Leanaí/Teaghlaigh/Daoine Scothaosta

- Tá na hullmhúcháin don reifreann maidir le Cearta Leanaí á ndéanamh de réir na sprice a leagadh síos ina Leith
- Bunaíodh Roinn nua Leanaí
- Tá Bille maidir le Tús Áite do Leanaí le foilsiú go gairid

Caidreamh Thuaidh Theas/Thoir Thiar

- Tá dul chun cinn á dhéanamh i gcónaí i dTuaisceart Éireann agus cuireadh leis sin trí chuairt stairiúil na Banríona Eilís
- Tá ullmhúchán ar siúl le haghaidh Deich mBliana na gCothrom Céad Bliain, lena n-áirítear comhoibriú substaintiúil Thuaidh/Theas agus Thoir/Thiar

Gnóthaí Eachtracha

- D'éirigh go maith le Fóram Eacnamaíochta Éireannaí/Domhanda a raibh 250 déantóirí tábhachtacha cinntí páirteach ann
- Ta athbhreithniú ar siúl ar Pháipéar Bán faoi Chúnamh Forbartha Coigríche
- Claochlú déanta ar cháil na hÉireann agus ar rannpháirtíocht na hÉireann san Eoraip

Iompar/Bonneagar

- Rinneadh cárta LEAP a chur i bhfeidhm d'úsáideirí iompair phoiblí
- Tugadh isteach mór-athchóirithe ar an tionscal tacsaithe
- Soláthraíodh maoiniú breise chun bóithre réigiúnacha agus bóithre áitiúla a dheisiú

- Áirithíodh maoiniú chun línte Luas a nascadh agus a leathnú chuig Droichead Broome

- Foilsíodh athbhreithniú ar sheirbhísí iompair tuaithe

Talmhaíocht/Fuinneamh/Comhshaol

- Rinneadh cinneadh maidir le diúscairt sócmhainní stáit agus athstruchtúrú an mhargaidh fuinnimh

- Foilsíodh athbhreithniú ar an mBeartas Aeráide

- Seoladh tacaíochtaí fuinnimh in-athnuaite REFIT 3

- Tá *Food Harvest 2020* á chur i bhfeidhm agus foilsíodh tuarascáil ar dhul chun cinn

Gealltanais a Comhlíonadh

Leanaí, Teaghlaigh agus Daoine Scothaosta

An Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh & Leanaí:

Rinneadh an Roinn nua Leanaí & Gnóthaí Óige a bhunú go foirmiúil ar an 2 Meitheamh 2011 agus freagracht uirthi as leas agus cosaint leanaí, as tacaíocht teaghlaigh, as uchtáil, as gnóthaí óige, as cúram agus oideachas luathóige, as an mBord Náisiúnta Leasa Oideachais agus as Seirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig. Bunaíodh tascfhórsa chun comhairle a thabhairt, agus formhaoirseacht a dhéanamh, maidir le bunú Gníomhaireachta nua um Thacaíocht Teaghlaigh agus Leanaí sa bhliain 2013. Déanfar an chéad trí thuarascáil, lena n-áirítear tuarascálacha ar shocruithe rialachais agus ar fhís don Ghníomhaireacht nua um Thacaíocht Teaghlaigh & Leanaí, a fhoilsiú go gairid. Bunaíodh fo-mhírcheann buiséid ar leithligh laistigh d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun aon athruithe a éascú.

Treoirlínte maidir le Tús Áite do Leanaí agus athchóiriú ar an dlí a bhaineann le huchtáil:

Is tionscadal tosaíochta é an obair atá á déanamh ar fhorbairt reachtaíochta i ndáil le Tús Áite do Leanaí. Déanfar ceannteidil an Bhille a bhaineann le Tús Áite do Leanaí a thabhairt os comhair an Chomhchoiste Oireachtais le linn théarma reatha na Dála.

Tá dul chun cinn á dhéanamh maidir leis an obair ar an mBille Uchtála (Rianú agus Faisnéis) i gcomhar le hOifig an Ard-Aighne agus le hÚdarás Uchtála na hÉireann.

Rinneadh scéimeanna an Bhille um Cheartas Coiriúil (Faisnéis ar Choireanna in aghaidh Leanaí agus Aosach Soghonta a Choimeád Siar) 2011 agus an Bhille um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin 2011 a fhoilsiú i mí Iúil 2011 agus, ina dhiaidh sin, bhreithnigh an Comhchoiste Oireachtais um Dhlí agus Ceart, Comhionannas agus Cosaint iad. Déanfar gach ceann de na Billí sin, ina bhfoirm chríochnaitheach, a fhoilsiú roimh an gCáisc 2012 agus, nuair a achtófar iad, beidh siad ina gcabhair mhór maidir le bearta cosanta leanaí sa Stát seo.

An Straitéis Náisiúnta um Aosú Dearfach:

Tá obair ar fhorbairt na Straitéise á dhéanamh ar bhonn leanúnach ach sin faoi réir na sriantachtaí atá ann mar gheall ar an staid fhioscach láithreach. Tosaíocht de chuid an Rialtais is ea críochnú agus foilsiú na Straitéise a luaithe is féidir ag féachaint do na sriantachtaí réamhráite.

Athchóiriú ar an gcóras pinsean:

Rinneadh foráil leis an Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean 2011 maidir le méadú céimnithe aois an phinsin Stáit. Cuirfear tús leis sin nuair a dhéanfar caighdeánú ar aois an phinsin Stáit ionad gur 66 bliana d'aois a bheidh ann sa bhliain 2014, agus í ag méadú go 67 mbliana d'aois sa bhliain 2021 agus go 68 mbliana d'aois sa bhliain 2028.

Sa Bhille Leasa Shóisialaigh agus Pinsean a bheidh ann, tá sé beartaithe ag an Rialtas roinnt athruithe a thabhairt isteach ar an soláthar le haghaidh pinsean sochair shainithe mar chabhair chun inchothaitheacht an tsoláthair sin a chinntiú, chun feabhas a chur ar inmharthanacht shochair na mball agus chun méadú a dhéanamh ar an gcothromaíocht idir comhaltaí de scéimeanna sochar sainithe.

Na hEalaíona, Cultúr agus Spórt

Ceapadh beartais:

Leanfaidh an Roinn den bheartas a leagan amach agus a fhorbairt i leith na bhfeidhmeanna a thagann go díreach faoina cúram agus cinnteoidh sí go bhfuil na gníomhaireachtaí a chuireann beartas i bhfeidhm cuntasach, trédhearcach agus oiriúnach dá gcuspóirí. Faoi láthair, tá scrúdú á dhéanamh ag an Roinn ar na córais measúnaithe atá aici d'fhonn feabhas a chur ar na socruithe ina leith sin.

Na hEalaíona ar camchuairt in Éirinn:

Tá €740,000 eile leithroinnte ag an gComhairle Ealaíon chun a chumasú do 33 eagraíocht ealaíon agus d'ealaíontóirí cuairt a thabhairt ar ionaid éagsúla ar fud na tíre sa bhliain 2012. Tá an tsuim sin de bhreis ar €750,000 a gealladh roimhe sin. Leithroinneadh €125,000 do cheathrar eile, idir ealaíontóirí agus eagraíochtaí, chun cabhrú leo dul chun cinn a dhéanamh maidir lena gcuid pleananna le haghaidh cuairteanna sa bhliain 2013.

Cur le tacaíocht phríobháideach do na hEalaíona in Éirinn:

Ag éirí as tuarascáil a d'ullmhaigh grúpa neamhfhoirmiúil comhairleach/ionadaitheach i réimse na nEalaíon agus leasanna daonchairdiúla, tá scrúdú á dhéanamh againn ar scéim phíolótach a bheadh ina dreasacht chun maoiniú a fháil ón earnáil phríobháideach i gcomhréir le cur chuige rathúil réamhphíolótach a bhí ann i ndáil le heagraíocht shonrach/hionad sonrach ealaíon ag deireadh na bliana seo caite. Ina theannta sin, tá an Chomhairle Ealaíon ag gabháil d'fhorbairt a dhéanamh ar chlár bunaithe acmhainneachta i gcomhair daonchairdis in eagraíochtaí ealaíon.

Oíche Chultúir:

Bhí Oíche Chultúir 2011 ar siúl ar an 23 Meán Fómhair 2011 i 30 ionad ar fud oileán na hÉireann, idir bhailte móra agus cathracha; ba é sin an líon ionad ba mhó riamh agus bhí an chuid is fearr dár n-oidhreacht agus dár saoráidí ealaíne agus cultúir le feiceáil lena linn. Meastar go raibh os cionn 200,000 cuairteoir páirteach san ócáid sa bhliain 2011 agus go raibh os cionn 150 ionad cultúir ann i mBaile Átha Cliath amháin a chuir fáilte roimh chuairteoirí go dtí go mall san oíche. Tá sé beartaithe seachtain Lá Fhéile Pádraig a ainmniú mar Sheachtain Idirnáisiúnta an Chultúir Éireannaigh agus, sa tslí sin, cur leis an dúshraith mhaith atá ann cheana féin.

Oifigigh Ealaíon na nÚdarás Áitiúil:

Tá Oifigigh Ealaíon ann i ngach limistéar údaráis áitiúil. Reáchtálann an tAire cruinnithe le Grúpaí Oifigeach Ealaíon ar bhonn rialta chun spreagadh a thabhairt i leith comhair fheabhsaithe agus chun straitéisí ealaíon a fhorbairt i ngach limistéar údaráis áitiúil.

Áitribh NAMA a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach mar shaoráidí áitiúla ealaíne agus cultúir:

Tá teagmháil ar siúl le NAMA i ndáil le sócmhainní ar díol spéise iad ó thaobh an chultúir de. Sampla de seo is ea athoscailt an *Lighthouse Cinema* i Margadh na Feirme. Leanfaimid d'idirchaidreamh a dhéanamh le NAMA maidir leis an ábhar seo agus maidir le saincheisteanna a bhaineann le comhairle/hathúsáid chuí, i gcás inarb infheidhme sin.

Maoiniú spóirt:

Sa bhliain 2011, leithroinneadh €4.52 milliún do 111 tionscadal spóirt de chuid údarás áitiúil ar tionscadail iad a bhí dírithe ar rannpháirtíocht. De bhreis air sin, áirithíodh maoiniú do dhá bhabhta nua maoiniúcháin chaipitiúil spóirt chun feabhas a chur ar shaoráidí beagscála spóirt ar fud na tíre agus tarlóidh an chéad bhabhta díobh sin sa bhliain 2013. Fuarthas ceadú ón Rialtas freisin maidir le straitéis chun forbairt incriminteach a dhéanamh ar an gCampas Náisiúnta Spóirt agus ar chomhaontuithe comhpháirtíochta atá déanta, nó a dhéanfar roimh i bhfad eile, leis an IRFU, leis an FAI, le CLCG agus le Cumann Haca na hÉireann

Gnóthaí Eachtracha, Cúnamh Forbartha Coigríche agus Cosaint

Seasamh na hÉireann mar chomhalta creidiúnach éifeachtach den Aontas Eorpach agus mar chuid den chomhphobal idirnáisiúnta a athbhunú:

Rinneadh roinnt athchóirithe struchtúracha agus roinnt tionscnamh beartais a chur i gcrích chun feabhas suntasach a chur ar iarrachtaí na hÉireann maidir lenár gclú idirnáisiúnta a athbhunú.
Tugadh freagracht as cur chun cinn trádála don Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála chun a chinntiú go mbeadh comhordú níos mó ann i ndáil le taidhleoireacht pholaitiúil agus eacnamaíoch na hÉireann.

Rinneadh Fóram Eacnamaíochta Éireannaí/Domhanda a thionól i mí Dheireadh Fómhair 2011, ar fóram é ar éirigh go maith leis agus a raibh os cionn 250 déantóirí cinntí tábhachtacha i láthair aige chun plé a dhéanamh i dtaobh conas a d'fhéadfaidís rannchuidiú le tosaíochtaí an Rialtais i dtaca le hathnuachan eacnamaíochta, cruthú fostaíochta agus athbhunú chlú na hÉireann thar lear. I mí Feabhra, bhíomar páirteach sa chomhdháil ardleibhéil i Nua-Eabhrac dar teideal *Invest in Ireland*; bhí an chomhdháil sin dírithe ar infheisteoirí ionchasacha nua agus ba é an tUachtarán Bill Clinton a bhí mar óstach lena linn.

Ambasadóirí na hÉireann a ghlaoch ar ais chun forbairt a dhéanamh ar chur chuige nua i leith Éire a chur chun cinn:

Rinneadh comhdháil dar teideal *Éire a chur chun cinn Thar Lear*, a raibh Ambasadóirí na hÉireann agus Cinn Misean páirteach inti, a thionól ar an 1-2 Meitheamh. Bhuail an Taoiseach agus an Tánaiste le foireann iomlán ionadaithe sinsearacha na Roinne Gnóthaí Eachtracha atá ag feidhmiú thar lear; le ceannairí gnóthaí Éireannacha; agus le cinn ghníomhaireachtaí eacnamaíochta na hÉireann chun cinneadh a dhéanamh i dtaobh cad atá ag obair agus cad atá le feabhsú i dtaca lenár ngníomhaíocht idirnáisiúnta maidir le cur chun cinn eacnamaíoch. Tugadh mioneolas do Chinn Misean maidir leis an ionchas do gheilleagar na hÉireann sna blianta atá díreach romhainn agus maidir lena bhfuiltear ag súil ó ghréasáin bheartais eachtraigh agus taidhleoireachta na hÉireann le linn deisiú a dhéanamh ar chlú na hÉireann agus le linn ár gcuid leasanna thar lear a chur chun cinn.

Athbhreithniú ar an bPáipéar Bán ar Chúnamh Forbartha Coigríche:

Tá an t-athbhreithniú ar an bPáipéar Bán ar Chúnamh Forbartha Coigríche ar siúl agus déanfar tuarascáil ina leagfar amach na tosaíochtaí don chlár cúnaimh amach anseo a fhoilsiú roimh dheireadh na bliana 2012. Tá scrúdú á dhéanamh, mar chuid den athbhreithniú, ar athruithe sa chomhthéacs náisiúnta agus sa chomhthéacs idirnáisiúnta ina bhfuil an clár cúnaimh á chur i bhfeidhm.

Aerfort na Sionainne a chur sa riocht gur mol idirnáisiúnta é maidir le stóráil agus dáileadh soláthairtí éigeandála daonnúla:

Táthar ag súil go ndéanfar tús a chur le staidéar féidearthachta maidir leis an togra sa dara ráithe den bhliain 2012 agus déanfar measúnacht lena linn i dtaobh an féidir saoráidí daonnúla a fhorbairt sa tSionainn.

Athbhreithniú Sheirbhísí Liachta na bhFórsaí Cosanta a chur i bhfeidhm:

Tá moltaí Thuarascáil PA Consultants ar athstruchtúrú an Chóir Liachta ceaptha chun freastal ar éilimh agus ar riachtanais na bhFórsaí Cosanta agus tá dul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm na moltaí sin. Tá comórtas ar siúl chun Dochtúirí a cheapadh chuig Cór Liachta na bhFórsaí Cosanta agus eisíodh tairiscintí ceapacháin chuig beirt dochtúirí.

Athbhreithniú ar Chumann na Croise Deirge:

Déantar foráil sa Chlár Rialtais maidir le hathbhreithniú mionsonraithe dlíthiúil ar bhonn, ar struchtúir agus ar rialachas Chumann Croise Deirge na hÉireann a thionscnamh chun feabhas a chur ar fheidhmiú an chumainn i bhfianaise cúinsí athraitheacha. Tá dréacht-Ordú lena leasófaí Ordú Chumann Croise Deirge na hÉireann 1939 á scrúdú faoi lathair ag Oifig an Ard-Aighne. Tar éis téacs an dréacht-ordaithe a réiteach, tabharfar dréacht-reachtaíocht os comhair an Rialtais lena ceadú. Déanfar athbhreithniú cuimsitheach ar an reachtaíocht go léir faoi Chumann na Croise Deirge, agus go háirithe ar an reachtaíocht phríomha, a thosú ansin de réir an ghealltanais a tugadh sa Chlár Rialtais.

Tuaisceart Éireann

Cur i bhfeidhm iomlán Chomhaontú Aoine an Chéasta agus Chomhaontú Chill Rímhinn:

Le 12 mhí anuas, tá teagmháil ardleibhéil pholaitiúil ar siúl le Feidhmeannacht Thuaisceart Éireann, le Rialtas na Breataine agus le ceannairí na bpáirtithe polaitiúla i dTuaisceart Éireann agus, le linn na teagmhála sin, díríodh ar dhul chun cinn a dhéanamh maidir le cur i bhfeidhm na gComhaontuithe. Tá tús curtha athuair le Cruinnithe Institiúideacha den Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas (NSMC) agus tá cur i bhfeidhm iomlán na gComhaontuithe á shaothrú go gníomhach ionas go n-oibreoidh an NSMC go héifeachtach. Tá comhar níos mó eacnamaíochta laistigh de chreat an NSMC agus lasmuigh de á shaothrú d'fhonn cruthú fostaíochta a chur chun cinn sa Tuaisceart agus sa Deisceart.

Éire san Eoraip

Eoraip 2020:

Rinneadh Clár Náisiúnta Athchóirithe na hÉireann (NRP) a thíolacadh ag deireadh mhí Aibreáin i gcomhthráth leis an Uasdátú ar an gClár Cobhsaíochta mar chuid den Seimeastar Eorpach nua. Tá teagmháil leanúnach ann leis an gCoimisiún maidir le nithe a bhaineann le Clár Oibre AE2020.

An Ghaeilge agus an Ghaeltacht

Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge:

Tá dul chun cinn déanta maidir le cur i bhfeidhm na Straitéise 20 Bliain, lena n-áirítear ceadú a fháil ón Rialtas maidir le tús áite a thabhairt do dhréachtú Bhille na Gaeltachta. Rinne an Rialtas an Coiste Comh-Aireachta ar an nGaeilge agus ar an nGaeltacht a athbhunú chun go mbeidh fócas níos straitéisí ann ar fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm an bheartais i leith na Gaeilge.

Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003:

Rinneadh próiseas comhairliúcháin phoiblí maidir le hathbhreithniú Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a chur i gcrích i mí Eanáir 2012 agus fuarthas tuairim is 1,400 freagra ar shuirbhé ina leith sin, mar aon le 240 aighneacht a fháil.

Athrú Aeráide

An Bille um Athrú Aeráide:

Rinneadh athbhreithniú ar an mBeartas Aeráide a fhoilsiú i mí na Samhna 2011. Ina theannta sin, tá cur chuige ina bhfuil trí chuid á shaothrú chun forbairt a dhéanamh ar an mbeartas is gá:

- Tá staidéar neamhspleách á dhéanamh ag rúnaíocht na Comhairle Náisiúnta Eacnamaíche an Sóisialta;

- Trí chomhairliúchán poiblí a reáchtáil, ar cuireadh tús leis ar an 29 Feabhra, cumasófar do na geallsealbhóirí go léir a bheith páirteach sa phróiseas forbartha beartais; agus

- Déanfar dul chun cinn maidir le maolú earnála a shaothrú tríd an gCoiste Comh-Aireachta ar Athrú Aeráide agus ar an nGeilleagar Glas agus ar bhonn teagmhála dearfaí leis na Ranna iomchuí nach mór dul chun cinn a dhéanamh iontu más mian

linn ár gcuid spriocanna a bhaint amach ar spriocanna iad atá ceangailteach de réir dhlí an AE.

Fuinneamh

Druileáil amach ón gcósta:

I mí Dheireadh Fómhair 2011, d'fhógair an Rialtas bronnadh trí cinn déag de Roghanna Ceadúnúcháin nua amach ó chósta na hÉireann. Is é atá sna Roghanna ná tréimhse dhá bhliain ar lena linn nach mór do chuideachtaí taiscéalaíochta clár oibre comhaontaithe a chríochnú.

ReFIT III:

I mí na Samhna 2011, fuair an Rialtas fógra foirmiúil ón gCoimisiún Eorpach maidir leis an aighneacht Cúnamh Stáit i ndáil leis an Taraif iofhotha Fuinnimh In-athnuaite do theicneolaíochtaí bithmhaise (REFIT III). I measc na dteicneolaíochtaí dá dtabharfar tacaíocht áireofar Teas agus Cumhacht in éineacht a chéile (CHP) ó dhíleá anaeróbach agus ó Bhithmhais chomh maith le Dóchán Bithmhaise, lena n-áirítear bithmhais a chomhdhó i stáisiúin mhóinchumhachtaithe. Fuarthas fógra foirmiúil faoi REFIT II (gaoth faoin gcladach) i mí Eanáir 2012 freisin.

Línte cumhachta na Mí-Thír Eoghain:

Bunaíodh Coimisiún Saineolaithe i mí Iúil 2011 chun athbhreithniú a dhéanamh, agus tuarascáil a thabhairt, ar chás i leith cuid le líne chumhachta 400KV na Mí-Thír Eoghain, nó an líne sin ar fad, a chur faoi thalamh agus ar an gcostas a bhainfeadh leis sin. Foilsíodh an Tuarascáil i mí Eanáir 2012.

Beartas Inchothaithe maidir le Dramhaíl

Beartas Náisiúnta maidir le Dramhaíl:

Rinneadh roinnt beart tábhachtach chun beartas nua dramhaíola a sholáthar trína gcloítear leis an Creat-Treoir maidir le Dramhaíl agus trína bhféachtar le huasmhéadú a dhéanamh ar an bpoitéinseal laistigh den earnáil a mhéid a bhaineann le hacmhainní, lena n-áirítear:

- Ceadú ón Rialtas maidir le cur chuige nua i ndáil le beartas dramhaíola lena n-áirítear méadú ar an tobhach líonta talún chun laghdú a dhéanamh ar an méid ábhar a chuirtear i líonadh talún agus chun cabhair a thabhairt maidir le hoibleagáidí AE na hÉireann agus, sa tslí sin, fíneálacha féideartha suas go €41 milliún sa bhliain a sheachaint.

- Plé-dhoiciméad a fhoilsiú mar ábhar comhairliúcháin phoiblí ar fhorbairt Beartais Náisiúnta nua maidir le Dramhaíl agus ar athstruchtúrú beartaithe an mhargaidh bailithe dramhaíola teaghlaigh.

Móin

Portaigh agus baint móna:

Bhunaigh an Rialtas Comhairle Tailte Móna agus scéim chúitimh do bhainteoirí móna. Tá comhagallamh leanúnach ar siúl leis na geallsealbhóirí chun a chinntiú go scoirfear de bhaint móna ar phortaigh ardaithe de chuid Limistéar Speisialta Caomhantais.

Cumarsáid

Reachtaíocht maidir le maoin intleachtúil a athbhreithniú agus a uasdátú:

Tháinig na Rialacha um Paitinní, Trádmharcanna agus Dearthaí (Táillí) (Leasú) 2012 agus na Rialacháin um Dhearthaí Tionscail (Leasú) 2012 i bhfeidhm ar an 1 Feabhra. Leis na rialacha agus na rialacháin nua leasaithe déantar foráil maidir le próiseas atá níos oiriúnaí d'úsáideoirí a bhfuil sé ar intinn acu a gcearta Maoine Intleachtúla a chosaint. Ritheadh Acht na bPaitinní (Leasú) 2012, Uimh. 1 de 2012, chun a chumasú d'Éirinn Comhaontú Londan a dhaingniú ar comhaontú é atá dírithe ar laghdú a dhéanamh ar an gcostas nach mór d'iarratasóirí a íoc i leith phróiseas na paitinne Eorpaí.

An réimeas maidir le Corn Heineken a choimeád ar bun:

Tar éis breithniú mionsonraithe a dhéanamh ar gach gné den ábhar cinneadh gan Corn Heineken ná Craobh na Sé Náisiún a ainmniú mar ábhar beo saor-go-haer. Le linn an cinneadh sin a dhéanamh, thug an Rialtas dá aire gur gha cóimheá a bheith ann trína ndéanfaí inmharthanacht airgeadais na spórt a áirithiú chomh maith le rochtain uasta a áirithiú don lucht féachana.

Iompar

Feabhas a chur ar an soláthar maidir le seirbhís iompair phoiblí:

Seoladh an Cárta Leap ag deireadh na bliana 2011 agus déanfar é sin a fheabhsú tuilleadh le linn na bliana 2012; táthar ag súil go mbeidh idir 120,000 úsáideoir agus 130,000 úsáideoir ann faoi dheireadh na bliana 2012. Tugadh isteach Faisnéis Fíor-Ama do Phaisinéirí (RTPI) sa bhliain 2011 i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh agus déanfar é a thabhairt isteach i nGaillimh sa bhliain 2012.

An córas iompair:

Soláthraíodh maoiniú chun an dá líne Luas a nascadh le chéile agus chun an tseirbhís a leathnú chuig Droichead Broome, rud a fhágfaidh go mbeidh na seirbhísí iarnróid uile i mBaile Átha Cliath ceangailte lena chéile. Tá maoiniú á sholáthar freisin chun oibreacha gaolmhara sábháilteachta iarnróid a dhéanamh, chun 4 stáisiún nua iarnróid a chríochnú, chun feabhsúcháin a dhéanamh ar Chonairí Bus Tosaíochta (QBC), chun Droichead nua Shráid Maoilbhríde a thógáil, chun busanna ionaid a fháil agus chun oibreacha taistil chliste/uasghrádaithe a dhéanamh i mBaile Átha Cliath agus sna cathracha réigiúnacha.

Deisiúcháin bhóthair:

Soláthraíodh €60 milliún breise d'údaráis áitiúla chun bóithre réigiúnacha agus bóithre áitiúla a dheisiú sa bhliain 2011. Rinneadh an croí-mhaoiniú a úsáidtear i ndáil le hathchóiriú agus feabhsú bóithre a choimeád ar bun sa bhliain 2012 chun gur féidir an gréasán a athchóiriú tuilleadh.

Rialáil tacsaithe:

Rinneadh Athbhreithniú Tacsaithe sa bhliain 2011 agus foilsíodh Tuarascáil ag deireadh mhí Eanáir. Tá tús curtha anois le hobair ar chur i bhfeidhm mholtaí na tuarascála.

Beartas Náisiúnta Rothaíochta:

Rinneadh maoiniú bonneagair rothaíochta a áirithiú faoin gcreat ilbhliantúil maoiniúcháin chaipitiúil suas go dtí an bhliain 2016. Tugtar tacaíocht freisin do thionscnaimh amhail *Bike Week*, ionaid oibre taistil chliste agus Scoileanna Glasa.

Gréasán iompair tuaithe:

Rinneadh athbhreithniú ar an soláthar iompair phoiblí, agus ar conas is féidir an tseirbhís a sholáthraíonn páirtithe éagsúla a chomhtháthú ar an tslí is éifeachtaí, a fhoilsiú go luath i mí Feabhra 2012 agus tá obair ar siúl anois chun moltaí an athbhreithnithe a chur i bhfeidhm. Leithroinneadh €9.77 milliún le haghaidh an Chláir Iompair Tuaithe sa bhliain 2012.

Talmhaíocht

Caibidlíochtaí WTO:

Táimid ag gabháil do mhalartuithe déthaobhacha le tíortha eile chun a chinntiú nach bhfágann aon athruithe ar bheartas AE nó i gcaibidlíochtaí WTO go bhfuil earnáil

agraibhia na hÉireann faoi mhíbhuntáiste ó thaobh na hiomaíochta de. Leanfar de na hiarrachtaí sa réimse seo sa bhliain 2012.

Food Harvest 2020 (FH2020):

D'fhoilsíomar an chéad tuarascáil ar dhul chun cinn, *Milestones for Success*, ar an 21 Iúil 2011 agus bhí os cionn 50 gníomhaíocht leagtha amach inti arbh iad na gníomhaíochtaí iad a baineadh amach sa bhliain roimhe sin i dtaca le 'gníomhú cliste', 'smaoineamh glas' agus 'fás a bhaint amach', is é sin, príomhthéamaí FH2020. De bhreis air sin, tá an tAire agus an Coiste Ardleibhéil Forfheidhmithe (HLIC) tar éis os cionn 40 gníomhaíocht a leagan amach dóibh féin ar gníomhaíochtaí iad atá le baint amach faoi Iúil 2012, chomh maith le spriocanna a leagan amach don bhliain 2013 agus don bhliain 2015.

Díosal feirme a dhíolmhú ó mhéaduithe eile ar an gcáin charbóin:

Rinneadh asbhaint dhúbailte cánach ioncaim a sholáthar d'fheirmeoirí i leith méaduithe cánach carbóin i mBuiséad 2012.

Leathnú na Scéime um Roghanna Comhshaoil Talmhaíochta (AEOS):

Seoladh scéim nua AEOS sa bhliain 2011 agus leithroinnt bhliantúil airgeadais €25 milliún ann ina leith rud a thabharfaidh íocaíocht uasta €4,000 sa bhliain in aghaidh an fheirmeora. Bhí feirmeoirí a raibh a gconarthaí faoin gClár um Chosaint na Timpeallachta Tuaithe (REPS) críochnaithe acu faoin 30 Aibreán cailithe chun bheith rannpháirteach sa scéim nua AEOS.

Reachtaíocht faoi chruálacht ar ainmhithe agus faoi leas ainmhithe a neartú:

Tá bailchríoch curtha ar an mBille um Sláinte agus Leas Ainmhithe 2012 agus tá sé ceadaithe ag an Rialtas. Tugadh isteach cód nua cleachtais d'eagraíochtaí leasa ainmhithe agus rinneadh sainlíne chabhrach a chur ar bun chun cásanna ina dtarlaíonn cruálacht ar ainmhithe a thuairisciú. Achtaíodh an tAcht um Leas Cúnna 2011.

Pobail Chósta, Iascach & an Comhshaol Muirí

Le linn an athbhreithnithe ar an gComhbheartas Iascaigh, déanfaimid caibidlíocht chun teacht ar an margadh is fearr is féidir d'iascairí:

Bhí an Rialtas páirteach go gníomhach sna caibidlíochtaí ar athchóiriú an Chomhbheartais Iascaigh agus rinne sé a sheasamh a chur in iúl go han-soiléir don Chomhairle Eorpach agus, go déthaobhach, don Choimisinéir Damanaki. Beidh an obair ar an gComhbheartas Iascaigh níos dlúithe sna míonna atá díreach romhainn agus roimh Uachtaránacht na hÉireann ar an AE sa bhliain 2013 agus, sa chomhthéacs sin, tá tús áite

á thabhairt ag Éirinn do chaibidlíochtaí agus do phléití le hUachtaránacht na Danmhairge, le Ballstáit eile agus leis an gCoimisiún.

Tacú le forbairt dobharshaothraithe inchothaithe agus feirmeacha éisc inchothaithe:

Táthar tar éis teimpléid nua ceadúnais dobharshaothraithe agus teimpléid ghaolmhara urthrá a thabhairt isteach agus rinneadh an chéad iarratas ar fheirm éisc bradán domhainuisce 15,000 tona a chur faoi bhráid na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara lena bhreithniú.

Measúnacht Tionchair maidir le hInchothaitheacht Iascaigh Mhara:

Rinneadh iniúchadh ar inchothaitheacht iascaigh mhara a chur i gcrích i mí na Samhna 2011, scaipeadh ar chomhaltaí na Dála é agus rinneadh díospóireacht air sa Dáil. Leanfar den nós imeachta sin sna blianta atá romhainn.

Pleanáil

Measúnacht Tionchair Oideachais:

Rinneadh Meabhrán nua Tuisceana a chomhaontú idir an Roinn Oideachais agus Scileanna, an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus Cumann na mBainisteoirí Cathrach agus Contae (CCMA) i ndáil le húdaráis áitiúla d'fháil láithreán i gcomhair scoileanna.

3. Na Gealltanais atá á nAthbhreithniú

Baincéireacht agus Clár Tacaíochta IMF/AE a Athchaibidliú

An fhéidearthacht go mbeidh comhroinnt éigeantach ualaigh ann do shealbhóirí bannaí sinsearacha neamhráthaithe neamhurraithe:

Sa chéad leath den bhliain 2011 rinneadh breithniú maidir le comhroinnt éigeantach ualaigh ar thaobh sealbhóirí bannaí sinsearacha neamhráthaithe neamhurraithe le linn deireadh a chur le banc a raibh gá le caipiteal breise ina leith. Mar thoradh ar phléití idir an Rialtas agus an *Troika* tháinig athrú ar an gcur chuige beartais sa mhéid go raibh sé mar thosaíocht ina dhiaidh sin laghdú a lorg maidir leis an gcostas a bhí le híoc ag cáiníocóirí na hÉireann as maoiniú fadtéarma tharrtháil chreidiúnaithe an Bhainc Angla-Éireannaigh. Tá páipéar teicniúil á ullmhú ag an *Troika* faoi láthair chun dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an ábhar seo. Maidir leis an gcostas ar an gcáiníocóir a bhaineann le hathchaipitliú na mbanc lena mbaineann, ghearr an Rialtas an costas sin ó mheastachán tosaigh €35 billiún sa Chlár Tacaíochta go €16.5 billiún agus rinneadh amhlaidh trí dhíol práinne sócmhainní a sheachaint agus, chomh maith leis sin, trí chomhroinnt ualaigh le sealbhóirí bannaí sóisearacha agus trí infheistíocht chaipitiúil phríobháideach a áirithiú.

Rith an tOireachtas Acht an Bhainc Ceannais agus na bhForas Creidmheasa (Réiteach) 2011 agus déantar réimeas speisialta réitigh a chur i bhfeidhm leis le haghaidh dócmhainneachtaí bainc amach anseo.

Onnmhairí a Mhéadú

Cuideachtaí seirbhíse a onnmhairíonn níos mó na 90% dá n-aschur a dhíolmhú ó CBL:

Is é atá sa chomhairle dhlíthiúil ná nach bhfuil aon fhoráil ann faoi láthair faoin Treoir CBL maidir le leathnú den sórt sin agus, dá bharr sin, ní bheidh an gealltanas á shaothrú tuilleadh ag an Rialtas.

Tacaíocht a thabhairt d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide

Athbhreithnithe cíosa ar bhonn ardaithe cíosa amháin:

D'ainneoin dianoibre ar thaobh an Rialtais, lena n-áirítear dréacht-reachtaíocht a ullmhú, ní rabhthas in ann scéim spriocdhírithe a fhorbairt chun dul i ngleic leis an tsaincheist seo, ar scéim í nach mbeifí in ann cur ina coinne ar bhonn dlí nó nach mbeadh cúiteamh le híoc le tiarnaí talún maidir léi. Tá comhairle tugtha ag NAMA á rá go bhfuil treoir bheartais aige chun déileáil le deacrachtaí tionóntaí a éiríonn as athbhreithnithe cíosa ar bhonn ardaithe cíosa amháin agus tá an chomhairle sin foilsithe aige freisin.

Scrúdú a dhéanamh i dtaobh an féidir Cáin Ghnó Aonair a thabhairt isteach do mhicrifhiontair ar bhonn atá neodrach ó thaobh cánach ioncaim de:

Léiríonn an anailís atá déanta go dtí seo nach féidir an beart seo a dhéanamh san fhoirm a thuairiscítear. Tá obair ar siúl leis na Coimisinéirí Ioncaim chun malairtí a fhorbairt.

Athchóiriú Tríú Leibhéal

Gráinseach Ghormáin:

Maidir le forbairt champas Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath i nGráinseach Ghormáin, cé go bhfuil infheistíocht bonneagair státchiste á cur ar fionraí ar feadh shaolré an chreata infheistíochta, déanfar pleanáil i gcomhair tionscadail tosaigh Comhpháirtíochta Poiblí Príobháidí a bhféadfaí é a chur i gcrích sa bhliain 2017.

4. Liosta Reachtaíochta Rialtais a achtaíodh ó Mhárta 2011 i leith

An tAcht um Thrácht ar Bhóithre 2011
An tAcht Airgeadais (Uimh. 2) 2011
An tAcht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean 2011
An tAcht Airí agus Rúnaithe (Leasú) 2011
An tAcht um Imeall Trá (Leasú) 2011
Acht na Lia-Chleachtóirí 2011
An tAcht um Airm Bhitheolaíochta 2011
An tAcht Toghcháin (Leasú) 2011
An tAcht Sláinte Poiblí (Tobac) (Leasú) 2011
An tAcht um Shásamh i leith Foras Cónaithe (Leasú) 2011
An tAcht Cosanta (Leasú) 2011
An tAcht Airgeadais (Uimh. 3) 2011
An tAcht um Chúram Leanaí (Leasú) 2011
An tAcht um an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2011
An tAcht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist) 2010
An tAcht um Cheartas Coiriúil (Seirbhís Pobail) (Leasú) (Uimh. 2) 2011
An tAcht um Cheartas Coiriúil 2011
An tAcht Comhshaoil (Forálacha Ilghnéitheacha) 2011
An tAcht um Shaoráid Chobhsaíochta Airgeadais Eorpach agus um Shaoráid Iasachta an Limistéir Euro (Leasú) 2011
An tAcht Árachais (Leasú) 2011
Acht an Bhainc Ceannais agus na bhForas Creidmheasa (Réiteach) (Uimh. 2) 2011
An tAcht um Thrácht ar Bhóithre (Uimh. 2) 2011
An tAcht um Leas Cúnna 2011
An tAcht um Rochtain ar Chistí Príomhchisteáin (An Coimisiún um Rialáil Fuinnimh) 2011
An tAcht um Iompar ar Bhóithre 2011
An tAcht um Bord Scannán na hÉireann (Leasú) 2011
An tAcht um Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta (Leasú) 2011
An tAcht Árachais Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha) 2011
An tAcht Leithreasa 2011
An tAcht um an Dlí Coiriúil (Cosaint agus an Teaghais) 2011
An tAcht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail (Leasú) 2011
An tAcht Rialtais Áitiúil (Muirear Teaghlaigh) 2011
An tAcht Leasa Shóisialaigh 2011
An tAcht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil) 2009
Acht na nAltraí agus na gCnáimhseach 2011
Acht na bPaitinní (Leasú) 2012
An tAcht um Sheirbhísí Uisce (Leasú) 2012